

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

10
YEARS

Plean


Gnó



2024

Clár

Maidir leis an bPlean Seo	4
Caibidil 1: Príomhghníomhaíochtaí 2024	6
Caibidil 2: Creat Airgeadais	17
Caibidil 3: Próifíl Daoine agus an tAthrú	20
Aguisín 1: 2024 Príomhspríocanna agus Bearta Feidhmíochta	23
Aguisín 2: Creat Airgeadais (Forlíontach)	27
Aguisín 3: Giorrúcháin	38



Maidir leis an bPlean Seo

Cuirtear an Plean Gnó seo ar fáil faoi Alt 46 den Acht um Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013 agus faoi threoir an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Is é seo an chéad cheann de na trí Phlean Gnó a leagtar amach faoi Phlean Corparáideach 2024-2026.

Sonraítear i gCaibidil 1 na gníomhaíochtaí sonracha a dhéanfaimid in 2024. Sna gníomhaíochtaí seo cuirtear san áireamh treoir agus tosaíochtaí an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an Aire Oideachais (maidir lenár Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT) agus an tSeirbhís um Oideachas Malartach agus Clárúchán (SOMC)) chomh maith lenár ngealltanais reachtaíochta agus beartais, agus cuirfidh siad chun cinn ár gcuspóirí agus ár sainréimsí feabhsúcháin agus forbartha ar thugamar gealltanais ina leith trínár bPlean Corparáideach 2024-2026. Chomh maith leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil 1, mar chuid d'obair laethúil Tusla, tá tiomantas ann maidir lena chuid seirbhísí a sheachadadh agus a neartú ar bhonn leanúnach, le tacaíocht leanúnach a thabhairt do theaghlaigh agus do leanaí trí Líonraí Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh, agus le tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe rialtais agus do chomhpháirtithe reachtúla i straitéisí eile ar nós Éire Óg, Na Chéad 5, Straitéis Óige na hÉireann agus an Plean Náisiúnta um Chur Chun Cinn Meabhairshláinte atá ar na bacáin. Go háirithe, tuigeann Tusla an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht agus ionchur ar fud ár seirbhísí san Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí agus in aon leasú reachtach ina dhiaidh sin.


Sonraítear i **gCaibidil 2** an creat airgeadais ina n-oibreoimid in 2024 i gcomhthéacs an chistithe fhoriomláin a leithdháilfear ar an nGníomhaireacht. Leagaimid amach anseo an cistiú a leithdháileadh ar thionscnaimh tosaíochta in 2024, agus na rioscaí airgeadais atá os comhair na Gníomhaireachta á n-aithint againn ag an am céanna. Sonraítear sa chaibidil seo freisin an plean caiteachais chaipitiúil, an rialachas airgeadais, an tuairisciú airgeadais, an tionchar a bheidh ag brúnna costais 2023 agus na brúnna costais a mheastar a bheidh ann in 2024.

Leagtar amach i **gCaibidil 3** na tosaíochtaí le haghaidh Pobal agus Athrú Tusla in 2024. Seoladh ár Straitéis Dhaoine Tusla in 2022, agus leanfar dá cur chun feidhme trí chuspóirí Phlean Gnó 2024. Tugtar mionsonraí sa chaibidil seo ar thionscnaimh a ghabhfaimid de láimh chun ár lucht saothair a mhealladh, a choinneáil agus a fhás ionas gur féidir leo an cúram agus na seirbhísí is fearr is féidir a sholáthar do gach duine a bhíonn ag brath orthu.

Tá an plean seo, mar aon le Plean Corparáideach 2024-2026, ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.tusla.ie/publications.



Pat Rabbitte
Cathaoirleach



Kate Duggan
POF Eatramhach

Ár gCuspóir agus ár Misean

“Tacú le forbairt, leas, oideachas agus cosaint leanaí agus daoine óga agus iad a chur chun cinn, feidhmiú éifeachtach teaghlach agus cúram leanúnach do dhaoine fásta a úsáideann ár seirbhísí”.

Ár bhFís

“Ag leanaí, daoine óga, teaghlaigh agus úsáideoirí seirbhíse aosach rochtain thráthúil agus chothrom ar sheirbhísí comhtháite a fhágann gur féidir torthaí dearfacha a bhaint amach, seirbhísí a bhfuil muinín an phobail astu, a mbraitheann an fhoireann gur tacaíocht dóibh iad agus go bhfuil iontaoibh acu iontu”.

Ár 3 Phríomhchólún

Ár 3 Phríomhchólún

Daoine

Lucht saothair ilghnéitheach cumasach a mhealladh, a choinneáil agus a fhás agus cultúr dearfach a chur chun cinn ionas gur féidir lenár ndaoine freagairt go héifeachtach d'úsáideoirí seirbhíse, tacaíocht a fháil agus a bheith bródúil as ár seirbhísí agus as an nGníomhaireacht.



Cleachtadh

Seirbhísí a dhearadh, a sheachadadh agus a rialú lena chinntiú go bhfuil siad tráthúil, cothrom, comhtháite, agus comhsheasmhach, agus freastal ar riachtanais na ndaoine a úsáideann iad.



Muinín an Phobail

Chun a chinntiú go gcomhlíonann na seirbhísí a sholáthraímid na caighdeáin a bhfuil ár n-úsáideoirí seirbhíse ina dteideal, agus go bhfuil siad comhlíontach, ar ardchaighdeán, trédhearcach agus infheicthe ar fud pobal, d'fhonn muinín agus muinín an phobail i Tusla a chur chun cinn.



Ár Luachanna



Iontaoibh



Meas



Cineáltas



Cumhachtú

Caibidil 1:

Príomhghníomhaíochtaí 2024

Caibidil 1: Príomhghníomhaíochtaí 2024

Sonraítear ár ngníomhaíochtaí 2024 sna ranna seo a leanas. Tá na gníomhaíochtaí sin ailínithe le sé chuspóir na Gníomhaireachta, arb iad is treoir dár ngníomhaíochtaí ar bhonn bliantúil. Trí na gníomhaíochtaí sin, déanfaimid dul chun cinn ar thosaíochtaí aireachta (TA), ar chur chun feidhme ár gclár athchóirithe agus ar ár bpríomhfheidhmeanna reachtúla. Sonraítear ár bpríomhspríocanna/bearta gníomhaíochta 2024 in Aguisín 1 den phlean seo.

Cuspóir 1: Earcú agus coinneáil lucht saothair ildisciplínigh a neartú chun freastal níos fearr ar riachtanais úsáideoirí seirbhíse agus chun timpeallacht níos tacúla a chur ar fáil don fhoireann.

Tag.	Gníomhaíocht	Dlite
1.1	TA2 Dul chun cinn a dhéanamh ar chlár oibre Fhóram na nOibrí Sóisialta agus Gach Fostóra, cur chuige comhoibríoch le hionadaithe ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Tusla, Cumann Oibrithe Sóisialta na hÉireann, Seirbhís Phromhaidh na hÉireann, Barnardo's, FSS agus Óglaigh na hÉireann, lena n-áirítear: - Comhordú gníomhaireachta trasearnála i ndáil le scéimeanna urraíochta. - Rannpháirtíocht le hinstitiúidí tríú leibhéal maidir le soláthar céimithe san obair shóisialta. - Clár Printíseachta Oibre Sóisialta a bhunú.	R1
1.2	TA2 Tógáil ar Chlár Oibre Sóisialta Tusla do Chéimithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: - Clár Oibre Sóisialta Tusla do Chéimithe a leathnú chun céimithe a mhealladh i dTuaisceart Éireann. - Clár na hIdirbhliana a leathnú chun rannpháirtíocht 100 scoil dara leibhéal a chur san áireamh chun eolas a chur ar fáil faoi ghairmeacha in Tusla. - Dul chun cinn a dhéanamh maidir le tionscnaimh earcaíochta thar lear le tionscnaimh sonrach spriocdhírithe sna hOileáin Philipíneacha.	R2
1.3	Deiseanna forbartha foirne a mhéadú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: - Straitéis Dhaoine Tusla agus spríocanna gaolmhara a chur chun feidhme go hiomlán. - Clár oibre fhoireann chomhtháite Tusla a sheachadadh le haghaidh gach ceann de na sé Réigiún. - Cóitseáil agus meantóireacht a chur ar fáil don fhoireann go léir. - Líonra Tusla um an Athrú a bhunú, 50 tacaí an athraithe a ainmniú agus oiliúint a chur orthu i ngach Limistéar Réigiúnach.	R4
1.4	Roghanna nua a chur ar fáil a nascann próiseas, daoine agus teicneolaíocht, roghanna a fhaigheann tacaíocht ó bheartais a chuireann ar chumas na foirne oibriú ar bhealaí solúbtha sofhreagrúla.	R4
1.5	Conairí gairme a chur chun feidhme ina bhfuil deiseanna agus éagsúlacht fostaíochta ar fáil don fhoireann tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: - Deiseanna fáis agus forbartha fostaithe a mhapáil agus a chur ar fáil feadh conairí gairme sainaitheanta. - Iníúchadh a dhéanamh ar dheiseanna rothlacha poist chun scileanna, buanna agus inniúlachtaí fostaithe a fhorbairt agus éagsúlacht i róil a mhéadú.	R4


Cuspóir 2: A chinntiú go dtugtar tacaíocht don fhoireann, go mbíonn siad rannpháirteach agus go mbeidh siad in ann tabhairt faoina ról, an Clár Athchóirithe a chur chun feidhme agus freagairt níos fearr do riachtanais úsáideoirí seirbhíse.

Tag.	Gníomhaíocht	Dlite
2.1	^{TA6} Gníomhaíochtaí 2024 de Chlár Claochlaithe Dhigitigh Tusla a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear: - Cur chun feidhme Chóras Bainistithe Cásanna Tusla le haghaidh seirbhísí cúraim mhalartaigh, teiripe agus tacaíochta teaghlaigh a chur i gcrích. - Comhtháthú a dhéanamh ar an Tairseach agus ar Chóras Bainistithe Cásanna Tusla le haghaidh seirbhísí um Chosaint agus Leas Leanaí, Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla, agus an Nós Imeachta maidir le Drochúsáid Leanaí a Chinneadh chun sreabhadh uathoibríoch faisnéise atreoraithe a sholáthar ón doras tosaigh go dtí foirne iontógála agus foirne na gcásanna. - Tús a chur le hobair ar an gcéad ghlúin eile de Thairseach Tusla. Forbrófar an Tairseach nua in 2024 agus seolfar í in 2025. - Leanúint den tseirbhís Luathbhlianta a dhigitiú, agus 50% den chlár le seachadadh faoi dheireadh 2024. - Cur chun cinn an chuspóra maidir le hionad oibre comhtháite digiteach amháin a bhaint amach agus béim á leagan in 2024 ar ríomhfhoirmeacha agus réitigh dhigiteacha a sholáthar i gcás na bpróiseas uile de chuid Acmhainní Daonna agus Airgeadas a dhéantar fós ar phár.	R4
2.2	An Plean Gníomhaíochta a chur chun feidhme tar éis an tSuirbhé Foirne.	R1
2.3	Creat Forbartha Tallainne agus Cuntasachta Feidhmíochta Tusla a chur chun feidhme agus Creat Inniúlachta Tusla a cheapadh agus a chur chun feidhme.	R3
2.4	Leanúint den rannpháirtíocht san Acadamh Ceannaireachta agus Bainistíochta a rolladh amach go céimneach tríd an méid seo a leanas: - Forbairt Acadamh Ceannaireachta agus Bainistíochta Sceidealta le haghaidh na mBainisteoirí go léir. - Bealach forbartha saincheaptha a chur ar fáil d'fhoireann Tusla a bhfuil ábhar, modheolaíochtaí agus cuspóirí foghlama acu a 'thagann a fhad leo féin'. - Méadú ar an gcumas ceannaireachta — meon, scileanna agus iompraíochtaí — ar gach leibhéal agus oiliúint a chur ar 20% den fhoireann uile in 2024. - Cultúr cóitseála a chur chun feidhme lena gcuimsítear athrú a bhfuil foirne athléimneacha mar bhonn taca leis, foirne atá in ann dul i ngleic le cásanna éiginnte dúshlánacha — líonra cóitseála a bheith ar fáil ar gach leibhéal de Phríomhoifigeach Réigiúnach.	R4
2.5	Leanúint de rolladh amach na forbartha agus na hoiliúna le haghaidh tacaithe an athraithe.	R4
2.6	Feabhas a chur ar Infreastruchtúr TFC Tusla tríd an méid seo a leanas a sheachadadh: - Clár uasghrádaithe le haghaidh an Bhonneagair Freastalaí. - Réiteach nua an fhóin náisiúnta. - Feabhsuithe ar bhonneagar TFC in 50 oifig ar a laghad de chuid Tusla a mbeidh tús áite acu ar fud na tíre.	R4

2.7	Tacaíocht a thabhairt d'fhoireann agus do sheirbhísí Tusla tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: • Cinnte a dhéanamh de go ndéantar bainistíocht agus seachadadh de réir ár leibhéal seirbhíse tiomanta ar an 75,000+ iarratas a mheastar a dhéantar ar chabhair/tacaíocht maidir le TFC agus feidhmchláir ó bhaill foirne agus ó ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta/tuairisceoirí sainordaithe. • Feabhas a chur ar bhainistiú agus rialú chuntais na n-úsáideoirí, na rochtana agus na ngaireas. • Feabhas a chur ar chatalóg seirbhíse doiciméadaithe TFC Tusla, ar bhuan-nósanna imeachta oibríochta agus ar chórais tacaíochta chun a chinntiú go bhfuil gach réimse de sheirbhísí TFC á rialú go daingean. • Tús a chur le clár athnuachana teicneolaíochta dhá bhliain le haghaidh gach 6,000 ríomhaire glúine agus sprioc 20% in 2024. • Feabhas a chur ar bhainistiú agus ar ghrinnscrúdú caiteachais ar fud na Gníomhaireachta maidir leis na costais uile a bhaineann le TFC chun luach ar airgead a bhaint amach agus aon bheart coigilte costais féideartha arna sainaithint a chur chun cinn.	R4
2.8	An úsáid a bhainimid as teicneolaíocht néalríomhaireachta a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas: • Feabhas a chur ar oibríochtaí néalríomhaireachta agus ar fhaireachán slándála, ar nósanna imeachta agus ar struchtúir rialachais atá ann faoi láthair. Áireofar leis sin clár leanúnach feabhsúcháin a sheachadadh. • Gach córas scamallbhunaithe Tusla níos sine a aistriú chuig an néalthimpeallacht nuadheartha. • Leanúint de bhonneagar néalríomhaireachta Tusla agus den acmhainneacht is féidir leis a sheachadadh a chur chun cinn.	R4

Cuspóir 3: A chinntiú go ndéantar ár seirbhísí a struchtúru agus a sheachadadh chun freagairtí comhsheasmhacha, ardchaighdeán agus comhtháite a sholáthar dóibh siúd a úsáideann iad.

Tag.	Gníomhaíocht	Dlite
3.1	^{TA1} Gníomhaíochtaí 2024 i bPlean Straitéiseach Tusla um Chúram Altrama (2022-2025) a chur chun feidhme, lena n-áirítear: • An liúntas méadaithe cúraim altrama a bheith á fháil ag 100% de chúramóirí altrama. (R4) • Rochtain a bheith ag 100% de chúramóirí altrama atá nua nó ar lú a dtaithí ar phiarthacaíocht ó chúramóirí altrama a bhfuil taithí acu. (R4) • Meastóireacht a dhéanamh ar na píolótaí piarthacaíochta cúraim altrama i sé réimse/réigiún. (R4) • Plean 2024 maidir le hearcú cúramóirí altrama a sheoladh (R1) agus plan 2024 a sheachadadh chun príomhimeachtaí náisiúnta agus seachtain chothaithe Tusla a chur san áireamh. (R4) • Tosú ar Mhúnla Cúraim do Chúramóirí Altrama a fhorbairt, ina gcuimsítear leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu, tacaíochtaí feabhsaithe agus faoiseamh. (R3) • Acmhainneacht Chóras Bainistithe Cásanna Tusla a fhorbairt chun gur féidir sonraí stóinsithe cothúcháin a chomhthiomsú ó stádas fiosrúcháin go stádas formheasa. (R4)	R4
3.2	^{TA3} Gníomhaíochtaí 2024 sa Phlean um Sheirbhísí Teiripe a chur chun feidhme, lena n-áirítear: • Sé cinn d'Fhoirne Teiripe Bunaithe ar Limistéir Ildisciplíneacha atá ag feidhmiú go hiomlán a chur i bhfeidhm. (R3) • Ceanglais maidir le Tairiscint Seirbhísí Teiripe arna bpróiseáil (R1) agus an próiseas tairisceana á chur i gcrích. (R4)	R4



3.3	TA3 Gníomhaíochtaí 2024 de Straitéis Tacaíochta Tuismitheoireachta Tusla 2022-2027 a chur chun feidhme, lena n-áirítear cleachtadh scóipe a chur i gcrích chun bonn eolais a chur faoi Mhol Tuismitheoireachta amháin a bhunú i ngach ceann de na sé réigiún Tusla.	R4
3.4	TA3 Gníomhaíochtaí a bhaineann le Tusla a sheachadadh laistigh de Phlean Cur Chun Feidhme na Samhla Tacaíochta do Thuismitheoirí, lena n-áirítear geo-mhapáil tacaíochtaí tuismitheoireachta (R4) agus tús a chur le hobair forbartha i ndáil le Comhairleoir Tacaíochtaí Tuismitheoireachta le haghaidh ceantair Tusla. (R4)	R4
3.5	TA3 Mol Cuairte Baile Tusla a bhunú, chun comhordú a dhéanamh, treoir a sholáthar agus fianaise a bhailiú chun bonn eolais a chur faoin bhforbairt a dhéanfar amach anseo ar sheirbhís náisiúnta inbhuanaithe le haghaidh cuartaíochta ar an mbaile.	R4
3.6	TA3 Athbhreithniú a dhéanamh ar Mheitheal, samhail cleachtais náisiúnta le haghaidh na luath-idirghabhála, faoi stiúir ag Tusla.	R4
3.7	TA4 Straitéis a fhorbairt le haghaidh soláthar Cúraim Speisialta amach anseo le tacaíocht ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.	R4
3.8	TA4 Gníomhaíochtaí 2024 i bPlean Straitéiseach Tusla um Chúram Cónaithe (2022-2025) a chur chun feidhme, lena n-áirítear: • Ceithre aonad iláitíochta breise faoi úinéireacht Tusla a oscailt agus 16 leaba bhreise a chur ar fáil. (R4) • Dhá aonad bhreise dé-áitíochta a oscailt mar chéimniú anuas ó Chúram Speisialta ina gcuirfear ceithre leaba bhreise ar fáil. (R4)	R4
3.9	TA4 Spriocanna insoláthartha 2024 Thionscadal na nEispéireas Cúraim, faoi stiúir na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige trí rannpháirtíocht leis na struchtúir rialachais tionscadail.	R4
3.10	TA4 Gníomhaíochtaí 2024 a chur chun feidhme i bPlean Straitéiseach Tusla le haghaidh an larchúraim (2023-2026), lena n-áirítear: • Anailís ar Riachtanais Oiliúna le haghaidh an larchúraim a chur i gcrích. (R2) • Meastóireacht ar Threoir Gairme Tionscadail Phort Láirge/Loch Garman a chur i gcrích. (R3) • A chinntiú go ndéanfar oibrí iarchúraim a leithdháileadh ar 100% de dhaoine óga incháilithe in larchúram a meastar gur gá dóibh ceann nuair a bhaineann siad 18 mbliana d'aois amach. (R4)	R4
3.11	TA5 Samhail nua cúraim a chomhaontú le haghaidh mionaoisigh neamhthionlactha agus leanaí scartha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu.	R1
3.12	TA5 100 áit chónaithe bhreise a chur i bhfeidhm le haghaidh mionaoisigh neamhthionlactha agus leanaí scartha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu.	R4
3.13	TA6 An t-aistriú ó na 17 réimse atá ann faoi láthair go 30 líonra a chur chun cinn, lena n-áirítear: • Anailís ar thionchar an athraithe & acmhainní a dhéanamh. (R1) • Teorainneacha réigiúin agus líonra a thabhairt chun críche. (R1) • Tús a chur le hathstruchtúrú na 17 limistéar ina 30 líonra. (R4)	R4
3.14	TA6 Dul chun cinn a dhéanamh ar an tSamhail nua Soláthair Seirbhíse Chomhtháite Áitiúil (lena n-áirítear scagthástáil chomhtháite ag an doras tosaigh agus ag foirne comhtháite áitiúla), lena n-áirítear: • Anailís ar thionchar an athraithe agus acmhainní a chur i gcrích. (R1) • Dearadh ardleibhéil a chomhaontaigh an FBF agus Bord Tusla. (R1) • Tosú ar an tSamhail nua Soláthair Seirbhíse Chomhtháite Áitiúil a chur chun feidhme. (R4)	R4



3.15	TA6 Athbhreithniú a dhéanamh ar na cúig shuíomh cur chun feidhme “Dochar Íseal Gá Ard” chun tuilleadh eolais a thabhairt don tSamhail Soláthair Seirbhíse Chomhtháite Áitiúil.	R2
3.16	TA6 Córas iarratais agus próiseála ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bhunú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: • Próiseas a fhorbairt chun tabhairt faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána le haghaidh na soláthraithe Luathbhlianta ábhartha. (R1) • Tacú le bonneagar TFC a fhorbairt. (R2) • Dul i gcomhairle leis na fóraim soláthraithe agus le fóraim chomhairleacha Tusla um Luathbhlianta agus suíomh gréasáin a fhorbairt. (R2) • Pleananna cur chun feidhme agus cumarsáide a fhorbairt. (R3) • Tús a chur le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána le haghaidh na soláthraithe ábhartha Luathbhlianta. (R3)	R3
3.17	TA7 Tabhairt i gcrích agus comhaontú na dtreoirlínte nós imeachta i ndáil le huchtú naíonán baile in éineacht leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus le hÚdaráis Uchtála na hÉireann (ÚUÉ) (R2) agus comhairliúchán a reáchtáil le leanaí uchtaíthe maidir le huchtálacha oscailte agus leath-oscailte a d’fhéadfaí a thabhairt isteach. (R4)	R4
3.18	Gníomhaíochtaí 2024 ó Phlean an Ghrúpa Idir-Rannaigh Barnahus (R4), a chur chun feidhme, lena n-áirítear Barnahus Theas idirthréimhseach a bhunú i gceantair sonracha (R1), cur i bhfeidhm na meastóireachta ar scéim phiolótach Barnahus Thiar (R3) agus 16 phost Forbartha de choibhéis lánaimseartha a earcú chun tacú le Seirbhísí Barnahus san Iarthar agus sa Deisceart. (R4)	R4
3.19	Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí tacaíochta chun cur chun feidhme creataí bainistithe gearán agus teagmhas a fheabhsú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: • Glacadh méadaithe oiliúna i gcás oiliúint i dtaca le teagmhais agus gearáin. (R4) • Comhlíonadh na mBeartas Gearán agus Teagmhas a fheabhsú. (R4)	R4

Cuspóir 4: Comhtháthú seirbhíse a neartú go himmheánach agus go seachtrach araon chun freastal níos fearr ar riachtanais úsáideoirí seirbhíse.

Tag.	Gníomhaíocht	Dlite
4.1	TA3 17 gCleachtóir Tacaíochta Teaghlaigh a chur i bhfeidhm chun tacú le teaghlaigh in ionaid Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta (SCCI).	R1
4.2	TA3 Plean acmhainní a chomhaontú leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun piolótaí rathúla a phríomhshruthú faoin tionscnamh What Works.	R4
4.3	TA3 Plean cur chun feidhme a chur i bhfeidhm le haghaidh gníomhaíochtaí comhaontaithe den Athbhreithniú Caiteachais ar sheirbhísí tacaíochta teaghlaigh san earnáil dheonach agus pobail arna gcistiú ag Tusla.	R4
4.4	TA3 I gcomhar leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, próiseas a chomhaontú chun clár an Ionaid Acmhainní Teaghlaigh a chobhsú agus a leathnú i gcomhréir le cistiú na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige atá ar fáil.	R3

4.5	^{TA3} Páirt a ghlacadh i bpleananna d'fhorbairt fhoriomlán CSLD lena n-áirítear: - Rannpháirtíocht leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus le Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais eile i bhforbairt pleananna le haghaidh ceithre phlean ceantair áitiúla phiolótacha maidir le bochtaineacht leanaí i gceantar CSLD faoi Phlean Gníomhaíochta na hÉireann um Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. (R4) - Rannpháirtíocht in Athbhreithniú na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ar CSLD. (R4) 14 Oibrí Tacaíochta Tionscadail CSLD Grád V (Céim 1) de choibhéis lánaimseartha. (R4)	R4
4.6	^{TA4} Tuarascáil páirtithe leasmhara a dhéanamh maidir seirbhísí a mholadh le haghaidh leanaí scartha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu (R1) agus tús a chur le cur chun feidhme moltaí. (R2)	R2
4.7	^{TA7} Leanúint de chur chun feidhme an phlean freagartha chun iarratais ar fhaisnéis bhreithe a phróiseáil faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe 2022, lena n-áirítear: - Imréiteach na n-iarratas riaráiste uile a fuarthas roimh mhí Mheán Fómhair 2023. (R2) - Cloí le hamchláir reachtúla na bhfreagraí ar gach iarratas ar fhaisnéis bhreithe a fhaightear tar éis mhí Mheán Fómhair 2023. (R4)	R4
4.8	^{TA7} Plean na Gníomhaireachta a chur i bhfeidhm chun freagairt d'iarratais ar rianú faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe 2022.	R3
4.9	^{TA7} Freagrachtaí, polasaithe agus réimsí comhair tar éis an Aistrithe Feidhme a athbhreithniú agus a chinntiú go bhfuil comhoibriú leanúnach idir seirbhísí gníomhaireachta nua agus seirbhísí Tusla (R1), agus ansin seirbhísí FBGI coimisiúnaithe a aistriú chuig córas nua saincheaptha na Gníomhaireachta FBGI. (R2)	R2
4.10	An t-athbhreithniú ar Phrótacal Oibre Comhpháirteach Thús Áite do Leanaí de chuid an Gharda Síochána/Tusla a chur i gcrích.	R2
4.11	An Comhaontú Comhroinnte Sonraí a chur chun feidhme.	R3
4.12	Gníomhaíochtaí Tusla sa Straitéis do Dhaoine Óga gan Dídean 2024 a chur i gcrích.	R4
4.13	Prótacal Comhpháirteach athbhreithnithe FSS/Tusla a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais chasta acu, ar bhonn moltaí athbhreithnithe 2023 a rinne Tusla agus FSS.	R3
4.14	Plean Tusla a fhorbairt chun soláthar seirbhíse STOT a athbhreithniú agus a leathnú i ndiaidh fhoilsiú Athbhreithniú ECFE ar Chomhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS).	R4
4.15	Plean straitéiseach STOT a fhorbairt chun tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil an Lucht Siúil agus na Romach a fheabhsú faoin Straitéis Oideachais do Phobal an Lucht Siúil agus na Romach.	R3
4.16	Beidh STOT i gceannas ar Fheachtas Náisiúnta Freastal Scoile 2024/2025 i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus na Comhpháirtithe Oideachais, lena n-áireofar: - Plean Feachtais 2024/25 a fhorbairt. (R2) - Ceannaireacht maidir le Plean Feachtais a chur i bhfeidhm. (R4) - An Creat Ildisciplíneach Éanlainne um Chóras Tacaíochtaí a chur chun feidhme i ngach bunscoil agus iar-bhunscoil. (R4)	R4
4.17	Struchtúir agus seirbhísí rialachais laistigh de SOMC a fheabhsú tríd an méid seo a leanas: - Príomhphoist a líonadh. (R2) - Straitéis chumarsáide a fhorbairt agus a chur chun feidhme. (R3) - Cur chun feidhme leanúnach na struchtúr nua agus na bpróiseas athbhreithnithe. (R4)	R4

Cuspóir 5: Infheictheacht Sheirbhísí Tusla a neartú i bpobail ar fud na hÉireann agus muinín agus iontaobh as ár seirbhísí a chothú.

Tag.	Gníomhaíocht	Dlite
5.1	A chinntiú go gcruthaíonn gach seirbhís mhaoinithe feasacht ar na seirbhísí a choimisiúnaímid chun seirbhísí a sholáthar thar ár gceann tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: - Prótacal um Cheanglais maidir le hAitheantas Cistiúcháin a chur ar fáil le haghaidh formheas an FBF, ina sonraítear oibleagáidí cumarsáide agus poiblíochta eagraíochtaí cistithe maidir leis an aitheantas cistiúcháin a chur san áireamh. (R1) - Sásra a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhar le Coimisiúnú Tusla chun tionscadail a bhfuil gá leo chun cloí le Ceanglais maidir le hAitheantas Cistiúcháin a shainaithint agus a thaifeadadh. (R2)	R2
5.2	Straitéis Chumarsáide uileghabhálach (2024–2026) a fhorbairt lena ndéantar ailíniú díreach leis an gClár Athchóirithe agus lena n-áirítear: - Cumarsáid inmheánach, sheachtrach agus dhigiteach, agus brandáil. - Oifigeach Sinsearach Cumarsáide a shannadh do gach ceann de na sé réigiún a fheidhmeoidh mar acmhainn cumarsáide straitéisí don Phríomhoifigeach Réigiúnach ábhartha, ar gach gníomhaíocht réigiúnach a bhaineann le cumarsáid agus ar gach cainéal. - Plean Cumarsáide 2024 a fhorbairt agus a sheachadadh do gach réigiún, i gcomhréir le hathchóiriú, le béim ar infheictheacht agus ar fheasacht a thabhairt ar raon na seirbhísí Tusla a chuirtear ar fáil go háitiúil.	R4
5.3	An chéad chéim d'fhorbairt an Chreata um Léargas ar Eispéireas Seirbhíse a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: - Pearsana úsáideoirí seirbhíse a fhorbairt agus a bhailíochtú don phróiseas mapála turais. (R1) - Mapáil turais chomhoibríoch a choimisiúnaí le haghaidh trí chonair thurais a bhaineann le Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh (CCTS), Cosaint agus Leas Leanaí agus Cúram Malartach. (R2) - Dréachtbheartas an Chreata um Léargas ar Eispéireas Seirbhíse a sholáthar le haghaidh comhairliúcháin. (R3)	R3
5.4	Straitéis a fhorbairt a thiocfaidh i gcomharbacht ar Straitéis Aonad Comhlíontachta an Ráitis um Chosaint Leanaí 2018–2023 tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: - Athbhreithniú ar Straitéis 2018–2023 a chur i gcrích. (R2) - Straitéis nua a fhorbairt le haghaidh na tréimhse 2025–2026 i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara. (R4)	R4

Cuspóir 6: Leanúint de dhaoine, próisis agus córais éifeachtacha a bheith i bhfeidhm againn chun ár riachtanais reachtúla agus rialála a chomhlíonadh agus cultúr an fheabhais leanúnaigh ar an tseirbhís a bhunú.


Tag.	Gníomhaíocht	Dlite
6.1	TA2 Feasacht ar ár n-oibleagáidí faoin Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna a mhéadú agus measúnú a dhéanamh ar chumas ár seirbhísí comhionannas a chur chun cinn go gníomhach, cearta an duine a chosaint agus deireadh a chur le hidirdhealú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: • Plean oiliúna comhaontaithe a thairgtear do gach fostaí. • An seasamh uile-Ghníomhaireacht maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a ailíniú agus a chur in iúl. • Measúnú a fhorbairt de réir Chreat Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. • An Straitéis maidir le Bailiú Sonraí Eitneacha a chur chun feidhme. • Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Tusla in aghaidh an Chiníochais a fhorbairt.	R4
6.2	TA6 Plean gníomhaíochta Bhainistíocht Taifead 2024 a sheachadadh, lena n-áirítear an méid seo a leanas: • Clár sócmhainní faisnéise a bhunú agus tús a chur le clárú taifead atá á gcoinneáil ar fud na gníomhaireachta. • Seirbhísí oibríochtúla tosaigh a bhunú chun tús a chur le pleananna chun taifid a chartlannú nó a scríosadh i gcomhréir le sceidil choinneála comhaontaithe. • Leanúint den chlár chun comhaid pháipéir a dhigitiú agus a chatalógú. • Dul chun cinn a dhéanamh maidir le tionscnaimh tacaíochta eile faoi Phlean Bhainistíocht Taifead 2024.	R4
6.3	TA6 Pleananna gníomhaíochta breise 2024 a chur ar fáil faoi Straitéis Bainistíochta Sonraí 2024-2026, lena gcmhdaítear an méid seo a leanas: • Struchtúir, beartais agus caighdeáin rialachais sonraí a fheabhsú. • Plean feabhsúcháin cáilíochta sonraí a chur chun cinn. • Feabhas a chur ar sholáthar anailísíochta comhtháite agus faisnéise gnó comhtháite.	R4
6.4	TA6 Plean gníomhaíochta 2024 maidir le Slándáil Faisnéise (lena n-áirítear an chibearshlándáil) a sheachadadh, lena n-áirítear an méid seo a leanas: • Cur chun feidhme bonneagair agus seirbhísí feabhsaithe um Leanúnachas Gnó TFC agus Athshlánú ó Thubaistí a chur i gcrích. • Cuireadh tús le cur chun feidhme na dtionscadal bonneagair slándála atá fágtha mar chuid den chlár foriomlán trí bliana in 2022. • Struchtúir rialachais, beartais agus nósanna imeachta oibríochtúla a fheabhsú i gcomhréir le creat beartais ISO 27001. • Clár oiliúna foirne agus tionscnaimh eile feasachta slándála a sheoladh. • Leanúint leis an gclár Slándála Faisnéise ISO 27001, lena ndírítear ar aighneacht fhoirmiúil maidir le Deimhniú faoi dheireadh na bliana.	R4

6.5	^{TA6} A chinntiú go bhfuil na struchtúir agus na próisis ghnó is gá ag Cigireacht na Luathbhlianta chun na hathchóirithe a eascraíonn as an Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí trí: • Próisis a bhunú chun na cumhachtaí forfheidhmithe nua a thabhairt isteach. (R3) • Struchtúir rialachais a chomhaontú. (R3) • Dul i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara. (R4) • An plean oiliúna do chigirí agus d'oifigigh rialála a fhorbairt. (R4)	R4
6.6	^{TA6} An chigireacht rialála clárúcháin agus cigireachta leanaí do gach feighlí leanaí neamhghaolta a leathnú agus a athbhreithniú trí: • Príomhróil a líonadh. (R1-R4) • Plean, próisis agus struchtúir rialachais a fhorbairt. (R2) • Comhairliúchán leis an earnáil feighlíochta leanaí. (R3)	R4
6.7	Straitéis Taighde Tusla a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: • Cód buiséid aonair a scaipeadh agus a chur chun cinn le haghaidh gach gníomhaíochta taighde laistigh den Ghníomhaireacht. (R3) • Pobal Taighde agus Eolais Tusla (Tasclann) a fhorbairt chun gach ábhar taighde arna fhorbairt agus arna dhéanamh ag an nGníomhaireacht a scaipeadh agus a chuimsiú. (R4) • Na céimeanna tosaigh le haghaidh Creat Bainistíochta Eolais a mhapáil. (R4)	R4
6.8	Córas Bainistíochta Cáilíochta (CBC) ar fud Tusla a fhorbairt a bhainfear amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: • Creat a shainiú le haghaidh CBC ar fud Tusla atá ailínithe le ISO 9001:2015. (R4) • Treochlár a fhorbairt chun CBC a chur chun feidhme. (R4) • Mapáil próisis do réimsí tosaíochta aitheanta faoi chlár athchóirithe Tusla a thabhairt chun críche. (R4)	R4
6.9	Samhail d'anailísíocht ghnó a thabhairt isteach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: • Creat a fhorbairt chun Ionad Barr Feabhais a bhunú d'anailísíocht ghnó. (R1) • Clár comhtháite feidhmíochta agus gníomhaíochta a fhorbairt. (R4)	R4
6.10	Oiliúint airgeadais éigeantach ar líne a fhorbairt do bhaill foirne ábhartha agus oiliúint airgeadais shaincheaptha do bhainisteoirí.	R4
6.11	Samhail athbhreithnithe Rialachais Airgeadais a fhorbairt agus a fhoilsiú.	R4

6.12	Leanúint ar aghaidh ag obair ar chur i bhfeidhm IFMS in 2024 chun stádas seasta, gnó mar is gnách a bhaint amach don chóras nua agus chun an úsáid is fearr a bhaint as feidhmiúlacht bhreise a sholáthraíonn IFMS chun tuairisciú feidhmíochta airgeadais in Tusla a bheachtú agus a fheabhsú. Déanfar tuairisciú airgeadais a oiriúnú chun freastal ar riachtanais struchtúr nua faoin gClár Athchóirithe de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn in 2024.	R4
6.13	An Plean Soláthair Chorporáidigh a chur chun feidhme. Áirítear leis sin: - Oibriú le FSS chun córas rialachais soláthair agus tuairiscithe comhlíontachta CCBA a fhorbairt agus a chur chun feidhme. (R4) - Clár láraithe conarthaí ar líne agus bunachar sonraí tionscadal soláthair a fhorbairt agus a chur chun feidhme. (R4) - Struchtúr soláthair eagraíochta náisiúnta a chur chun feidhme chun a chur ar chumas sealbhóirí buiséid a bheith comhlíontach agus caiteachas a rialú ar an leibhéal áitiúil. (R4)	R4
6.14	Ráiteas Comhlíontachta Airgeadais ar líne a fhorbairt a bheidh nasctha leis an Tairseach Coimisiúnaithe (R2) agus tuairisceán Athbhreithnithe agus Faireacháin Bhliantúil Airgeadais le haghaidh na hearnála Deonaí agus Pobail (C&V). (R3)	R3
6.15	Déanfar Comhaontuithe Seirbhíse athbhreithnithe agus feabhsaithe, foirmeacha faireacháin do choimisinéirí áitiúla agus treoir nua maidir le rialachas agus comhlíontacht a fhorbairt (R4) lena gcur chun feidhme ó R1 2025.	R4
6.16	Cur chun feidhme Chreat Comhlíontachta RGCS a chur chun cinn trí dhearadh (R1) agus trí chur chun feidhme (R4) an Chreata.	R4
6.17	A léiriú go bhfuil príobháideachas trí dhearadh agus mar réamhshocrú leabaithe i leasú agus athbhreithniú Threoir Forbartha Tusla i bPolasaithe, Nósanna Imeachta agus Cleachtais (R2) , i saolré Forbartha Bogearraí Tusla (R2) agus i bpróisis Oifig Bainistíochta Tionscadail Tusla (OBT). (R2)	R2
6.18	Leanúint le cur chun feidhme Príobháideachais trí dhearadh agus mar réamhshocrú le haghaidh forbairt/athrú ar Bheartais, Próisis agus Córas tosaíochta tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: - An Measúnú Tionchair ar Phríobháideachas Sonraí (MTPS) a thabhairt chun críche chun ailíniú le Creat Bainistíochta Riosca Tusla, agus a ionchorprú i dTuarascálacha míosúla ar Fhaireachán Príobháideachais Sonraí. (R1) - Úinéirí Faisnéise (Stiúrthóirí Náisiúnta) agus na ceannairí a tharmligear chun seirbhís agus/nó feidhm a sheachadadh a áirithíonn go gcuirtear i gcrích MTPS agus measúnú riosca tríú páirtí i gcás aon fhorbairt nó leasú ar bheartas, próiseas nó córas, nuair is gá. (R4)	R4
6.19	Leanúint de Mheasúnuithe Príobháideachais Sonraí a chur chun feidhme maidir le tríú páirtithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: - Beartas, próiseas agus nós imeachta leasaithe an Mheasúnaithe ar Phríobháideachas Sonraí (MPS) a thabhairt chun críche, chomh maith le bearta teicniúla agus nós imeachta agus eagraíochtúla agus le híoscheanglais rialaithe i gcomhairle le TFC. (R1) - Úinéirí Faisnéise (Stiúrthóirí Náisiúnta) agus a gceannairí a tharmligear chun seirbhís agus/nó feidhm a sholáthar chun bheith i gceannas ar chur chun feidhme socruithe maidir le Comhroinnt Tríú Páirtí le tacaíocht ó DPU. (R4)	R4
6.20	Straitéis Eastát nua a fhorbairt a léiríonn athstruchtúrú leanúnach na Gníomhaireachta agus a tionchar ar riachtanais chóirithe na Gníomhaireachta amach anseo.	R4



6.21	Tús a chur le Creat Torthaí a chur chun feidhme chun torthaí feabhsaithe a chur chun cinn do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí Tusla tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: • An Creat Torthaí a aontú. (R1) • Seisiúin faisnéise a fhorbairt agus a sholáthar le baill foirne agus le páirtithe leasmhara seachtracha maidir leis an gCreat Torthaí. (R4) • Beartha torthaí a chomhaontú agus a fhorbairt. (R4)	R4
6.22	An Córas Bainistíochta Sábháilteachta a leathnú tríd an méid seo a leanas: • Comhlíontacht a chinntiú maidir le teagmhais intuairiscithe de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (USS) a thuairisciú. (R4) • Pacáiste oiliúna cuí i bhForéigean, Ciapadh agus lonsaitheacht (FCI) a sheachadadh do 100% d'fhoireann cúraim speisialta. (R4) • Ráitis sábháilteachta agus ráitis sábháilteachta satailíte a rolladh amach go leanúnach. (R4)	R4



Great Airgeadais

Caibidil 2: Creat Airgeadais

Forléargas

Leagtar amach sa chaibidil seo an creat airgeadais ina bhfeidhmeoidh an Ghníomhaireacht in 2024. Leagtar amach ann freisin na tionscnaimh ar tugadh tosaíocht dóibh in 2024, an plean caiteachais caipitil agus na rioscaí airgeadais atá le sárú ag an nGníomhaireacht le haghaidh 2024.

Is é €1,114.232 milliún cinneadh oll-neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2024 (lena n-áirítear €56.284 milliún ón Roinn Oideachais). Déanfar é sin a chistiú i bpáirt le leithreasú measta €18.870 milliún in ioncam cabhrach ó asbhaintí aoisliúntais agus pinsin. Dá bhrí sin, is é €1,095.362 milliún cinneadh glan-neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2024.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht dea-mhaoirseacht ar bhainistiú an leithdháilte chun a áirithiú go mbeidh an riosca is lú is féidir ann maidir le róchaiteachas in 2024. Rachaidh Tusla i gcomhairle leis an Aire agus le hoifigigh a Roinne chun teacht ar chomhaontú maidir le haon bheart chun gníomh ceartaitheach a dhéanamh maidir le comhlíonadh oibleagáidí reachtúla agus moltaí seachadta seirbhíse.

Plean Buiséid 2024 agus Cistiú Seirbhísí Réamh-Mheasta

Fuair an Ghníomhaireacht €94.066 milliún breise de chistiú le haghaidh 2024 faoin bPríomh-Fhotheideal A3 ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus forbraítear an Plean Gnó ar an mbonn go seachadfar seirbhísí laistigh den imchlúdach airgid a bheidh ar fáil in 2024. Mar sin féin, tarraingíonn an Ghníomhaireacht aird ar an méadú atá tagtha ar líon na leanaí atá ag teacht faoi chúram a dteastaíonn seirbhísí ardchostais ina leith, rud a chruthóidh dúshlán shuntasacha maidir leis an bPlean Gnó a chur ar fáil laistigh den leithdháileadh le haghaidh 2024. Leanfaidh Tusla de rialuithe dochta a chur chun feidhme d'fhonn a leithdháileadh a bhainistiú go héifeachtach.

Tá an Plean Buiséid le haghaidh 2024 le cistiú a chur ar fáil sna príomhréimsí seo a leanas:

- Leithdháilfear €27.5m chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh ar an Leibhéal Seirbhíse Reatha (LSR) Neamhphá. Is é seo an costas bliana iomlán a bhaineann le tionscnaimh ar cuireadh tús leo in 2023 nó le teagmhais róchaithimh reatha nár íocadh leis an gcistiú breise in 2023. Baineann sé go príomha le réimse an tSoláthair Cónaithe Phríobháidigh (Socruithe Speisialta Éigeandála).
- Cuireadh €8.800m ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar chostas breise Chomhaontuithe Pá na hEarnála Poiblí ó 2023 mar go ndéanann siad dífeall do 2024 agus cuireadh €7.961m breise ar fáil i leith éifeacht bhreise Comhaontuithe Pá nua a bhfuil coinne leo in 2024.
- Leithdháileadh €3.445m breise ar Íocaíochtaí Pinsin agus Cnapshuime.
- Tá €6.3m (pá €5.2m agus €1.1m neamhphá) ag cistiú naoi n-aonad cónaithe reachtúla nua a bhunú in 2024 agus tá €4.9m eile curtha in áirithe chun Seirbhísí Cónaithe a leathnú trí na soláthraithe seirbhísí Deonacha agus Príobháideacha. Leithdháilfear €6.0m ar sholáthraithe Cónaithe príobháideacha agus €5.4m ar sholáthraithe Deonacha chun inbhuanaitheacht an tsoláthair seirbhíse a fheabhsú.
- Leithdháileadh €10m chun na rátaí nua liúntais cúraim altrama a chistiú in 2024.
- Leithdháilfear €2.25m breise le haghaidh Deontais Tacaíochta do Thuismitheoirí, €1.55m le haghaidh Deontais Ionad Acmhainne Teaghlaigh agus €1.2m le haghaidh Bharnahus ón €94.066m de chistiú breise A3.
- Cuireadh €8.760m ar fáil chun an costas breise a bhaineann le méaduithe cistiúcháin ar an earnáil Dheonach agus Pobail mar thoradh ar chomhaontú CCAO (an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre) ar thángthas air in 2023.
- Fuarthas €4.204m breise faoi fhotheideal B5 Luathbhlianta, méid dár bhain €3.404m le Pá agus €0.800m le Neamhphá.

- Leithdháileadh maoiniú breise €6.518m ón Roinn Oideachais maidir le STOT, Clár Críochnaithe Scoile (CCS) agus SOMC.
 - Leithdháileadh €0.610m breise le haghaidh 2024 ar fhoinsí eile cistiúcháin faoi Fho-cheannteidil éagsúla, amhail C5 CSLD, Ionad Acmhainní Teaghlaigh, Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus Tacaíocht Teaghlaigh agus cistiú Cuntais Dhíomhaoin B8.
 - Leithdháileadh cistiú €31.498m faoi Fho-cheannteideal E5 le haghaidh tacaíochtaí leanúnacha dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin.
 - Leithdháileadh €13m breise faoi Fho-cheannteideal E4 — SCCI agus úsáidfear é sin i ndáil le Leanaí Scartha a bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á lorg acu, gan an Úcráin a áireamh.
 - Cuireadh Tusla ar an eolas ó shin maidir le cistiú €1m eile faoi Fho-cheannteideal C9 i ndáil leis an Mol Cuairte Baile, cistiú nach raibh mar chuid den leithdháileadh a mhol na Coimisinéirí loncaim agus nach bhfuil san áireamh sna táblaí a ghabhann leis an leithdháileadh a mhol na Coimisinéirí loncaim.
 - Áiríodh i leithdháileadh foriomlán Tusla in 2023 cistiú faoi Fho-cheannteideal A07 a bhaineann le feidhmeanna Tusla i dtaca le seirbhísí FBGI. Aistreoidh na feidhmeanna sin chuig an Aire Dlí agus Cirt ón 1 Eanáir 2024 agus aistreofar an cistiú sin chuig an Aire sin agus chuig gníomhaireacht nua FBGI agus dá bhrí sin ní léirítear é a thuilleadh sa tábla thíos.
- Tá achoimre ar an méid thuas leagtha amach i dTábla 1.

Tábla 1: Leithdháileadh táscach ar chistiú 2024

	A3 Príomh-Fho-Cheannteideal DCEDIY	A07 (FBGI)	B05 (Luathbhlianta)	Fotheidil Eile (C5, B8)	E4 (Cosaint Idirnáisiúnta)	Vóta 26 An Roinn Oideachais	An Úcráin	Leithdháileadh Iomlán Tusla 2024
	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Pá	375.865	0.000	9.648	0.000	0.000	16.904	4.618	407.035
Pinsin	19.445							19.445
Pá Iomlán	395.310	0.000	9.648	0.000	0.000	16.904	4.618	426.480
Cúram Altrama agus Liúntais Eile	132.294	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	5.250	137.544
Cúram Cónaithe Príobháideach agus Cúram Altrama	219.818	0.000	0.000	0.000	13.000	0.000	7.200	240.018
Imeachtaí Dlí	30.494	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	30.494
Deontais	143.521	0.000	0.000	8.686	0.000	35.526	14.100	201.832
Neamhphá eile	72.211	0.000	1.468	0.000	0.000	3.854	0.330	77.863
Neamhphá Iomlán	598.338	0.000	1.468	8.686	13.000	39.380	26.880	687.752
Iomlán Reatha	993.648	0.000	11.116	8.686	13.000	56.284	31.498	1,114.232
Caipiteal	17.500	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	17.500
Iomlán Reatha + Caipiteal	1,011.148	0.000	11.116	8.686	13.000	56.284	31.498	1,131.732
Leithdháileadh 2023	917.082	38.534	6.912	8.076	0.000	49.766	31.400	1,051.770
Méaduithe in 2024	94.066	-38.534	4.204	0.610	13.000	6.518	0.098	79.961

In **Aguisín 2** tá mionsonraí maidir leis an gCreat Airgeadais le haghaidh 2024.

Próifíliú Airgeadais agus Tuairisciú

Leanfaidh Tusla den tuairisciú ar chaiteachas in aghaidh an bhuiséid agus an tsreafa airgid i rith 2024. Cuirfidh Tusla próifíl bhuiséid 2024, arna miondealú de réir míosa, faoi bhráid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus í ag teacht leis an leibhéal ceadaithe caiteachais, ina sonraítear ollchaiteachas, leithreasuithe i gCabhair agus in ioncam eile.

In 2024, leanfar d'aird ar leith a thabhairt ar an scaradh idir próifílí pá agus próifílí neamhphá, lena n-áirítear riachtanais foirne shealadacha a shainaithint (costais ghníomhaireachta) laistigh de na próifílí. Déanfar obair mhionsonraithe chun meastachán cruinn a dhéanamh ar an gcaiteachas/ na híostarraingtí a tharlaíonn faoin dá chatagóir, ag féachaint d'uainiú agus do ghealltanais.

In 2024, leanfaidh Tusla de thuairiscí míosúla a chur ar fáil don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ina leagtar amach an caiteachas go dtí seo. Sna tuarascálacha sin cuirfear béim ar athraitheas na próifíle ó thús na bliana agus sainaitheoidh siad brúnna costais atá ag teacht chun cinn. Cuirfear ar fáil freisin mórinsint ina leagfar amach an comhthéacs agus an míniú ar aon athraitheas le próifílí airgid. Tá Tusla ag leanúint den obair feabhsúcháin ar thuairisciú airgeadais chun críche níos mó gráinneachta a sholáthar maidir le miondealú ar chaiteachas ar Dheontais de réir chineál na seirbhíse a chuirtear ar fáil.

Leanfaidh Tusla de bheith ag tuairisciú cistiú is lú ná €50,000 don Earnáil Dheonach agus Pobail, tuairisciú ar cuireadh tús leis i ráitis airgeadais 2022, agus áireofar ann aguisín achomair breise le haghaidh ráitis airgeadais 2023 (*Ráiteas Feidhmíochta Mír 23*). Oibreoidh Airgeadas Tusla leis an Roinn in 2024 chun riachtanais tuairiscithe eile a fhiosrú agus a shainaithint agus chun na sonraí breise is féidir a sholáthar agus a thuairisciú (*Mír 24 Ráiteas Feidhmíochta*).

Cuirfidh Tusla próifíl bhuiséadach mhíosúil faoi bhráid na Roinne Oideachais le haghaidh na bliana 2024 maidir leis an gcistiú €56.284 milliún le haghaidh STOT agus CCS agus SOMC agus tabharfaidh sé tuairisc mhíosúil ar chaiteachas go dtí seo.

Chuir Tusla Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais FSS chun feidhme in 2023 i gcomhréir le straitéis na Roinne Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Chuir saincheistanna cur chun feidhme moill ar sheachadadh gnéithe áirithe, lena n-áirítear tuairisciú, agus beidh tionchar aige sin ar an gcumas tuairiscithe go 2024. Chuir an Roinn Sláinte cistiú breise ar fáil le déanaí chun cur chun feidhme na céime seo a chur i gcrích, agus tá coinne go bhfeabhsóidh sé sin an cumas tuairiscithe le linn 2024.

Caiteachas caipitiúil

Is é €17.5 milliún leithdháileadh 2024 le haghaidh caiteachas caipitiúil. Tá sonraí an chaiteachais chaipitiúil atá beartaithe san áireamh in **Aguisín 2**.





Próifíl Daoine agus an tAthrú

Caibidil 3: Próifíl Daoine agus an tAthrú

Forléargas

Leagtar amach sa chaibidil seo na tosaíochtaí le haghaidh Phobal agus Athrú lena n-ionchorpraítear cuspóirí na Straitéise Pobail agus tá sí ailínithe go hiomlán leis na ceanglais atá curtha in iúl sa Ráiteas Feidhmíochta, agus na tosaíochtaí ardleibhéil le haghaidh na Gníomhaireachta in 2024.

Straitéis Dhaoine Tusla

Cuirfear Straitéis Dhaoine Tusla 2022–2024 chun feidhme trí chuspóirí Phlean Gnó 2024. Is é ár dtiomantas soiléir páirt a thabhairt dár lucht saothair, iad a fhorbairt agus luach a chur orthu chun an cúram agus na seirbhísí is fearr is féidir a sholáthar do na daoine a bhíonn ag brath orthu. Tá a fhios againn freisin ón bhfianaise faoi bhaill foirne a bhfuil meas orthu, a fhaigheann tacaíocht ina bhforbairt agus a gcaitear go maith leo, go gcuireann siad feabhas ar sheirbhísí agus ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán.

Is í an fhoireann Daoine agus an tAthrú a dhéanfaidh cuid mhaith de na gníomhaíochtaí a bhfuil cur síos orthu sa Straitéis a stiúradh, a éascú agus a thacú, trí oibriú i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe ar fud na Gníomhaireachta. Tá an Straitéis Daoine mar bhonn leis an athchóiriú níos leithne ó Tusla agus mar chumasóir dó, agus béim lárnach á leagan inti ar chleachtas, struchtúr agus cultúr, í dírithe ar sheirbhísí daoine le haghaidh na Gníomhaireachta ar fad. Tá an fhoireann go léir freagrach as ceannaireacht fheabhsaithe agus bainistíocht daoine, le tacaíocht ó Acadamh Forbartha Ceannaireachta agus Bainistíochta Tusla.

Trí oibriú le chéile ar chur chun feidhme na Straitéise Daoine, leanfaimid den athchóiriú ar ár seirbhísí agus de chumasú na foirne maidir le bród agus muinín a bheith acu as ár gcumas barr feabhais a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh inár bpobail. Is iad seo a leanas na hocht bpríomhréimse ar a ndírítear.

Ionad Breá Oibre a Thógáil

Is é ár n-uaimhmhian in 2024 go mbeadh daoine bródúil as a bheith ag obair in Tusla agus go bhfanfaidís linn chun a ngairm bheatha a fhorbairt. Leanfaimid den Gníomhaireacht a chur chun cinn mar Rogha Fostóra a mheallann tallann nua agus a chuireann tionscnaimh chun feidhme chun fostaithe reatha a choinneáil. Leanfaimid de dheiseanna a chruthú dár gcomhghleacaithe go léir chun fóram a bheith againn chun aiseolas a chur ar fáil.

Ar bhonn aiseolais chainníochtúil a fuarthas i suirbhé tionscnaimh Tusla ar Rannpháirtíocht Fostaithe, agus aiseolas cáilíochtúil a fuarthas i seisiúin Éisteachta agus Pleanála a thionóltar ar fud na heagraíochta, déantar príomhthionscnaimh rannpháirtíochta fostaithe a fhorbairt lena gcur chun feidhme sna 12 mhí amach romhainn. Bainfidh na tionscnaimh sin go sonrach le téamaí luachanna agus aitheantais, sláinte agus folláine, an rún maidir le fanacht, abhcóideacht fostaithe agus iompraíocht ceannaireachta.



Pleanáil don Todhchaí

Tacaíonn rannpháirtíocht trasearnála le cur chuige náisiúnta maidir le pleanáil straitéiseach don lucht saothair ar mhaithe le hinbhuanaitheacht an chórais cúraim shóisialta. Tá Tusla ag obair i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara príobháideacha agus poiblí agus le soláthróirí oideachais chun Líonra Pleanála Fórsa Oibre éifeachtach a fhorbairt chun cur ar ár gcumas cur chuige níos fadtéarmaí a ghlacadh maidir le pleanáil/soláthar lucht saothair in Éirinn.

Tá a lán gnéithe ag baint le héagsúlacht na saincheisteanna a bhaineann le hobair shóisialta agus cúram sóisialta agus ní réiteach amháin a bhíonn ann. Is léir gur géarghá do dhaoine a n-imrítear tionchar díreach orthu, fostóirí agus oideoirí go háirithe, plean a fhorbairt in 2024 chun lucht saothair oibre sóisialta agus lucht saothair cúraim shóisialta a phleanáil trí fhreagairt chomhordaithe. Cruthóidh rannpháirtíocht Tusla sna fóraim seo foinsí nua agus malartacha soláthair lucht saothair chun lucht saothair inbhuanaithe agus cumasach a sheachadadh.

Ár bPobal a Earcú

In 2024, leanfaimid de chlár bliantúil feabhsaithe imeachtaí a neartú chun ár lucht saothair sa todhchaí a mhealladh agus chun Tusla a chur chun cinn mar ionad breá oibre, áit a ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar phróisis earcaíochta chun éifeachtacht agus freagrúlacht a chinntiú chun freastal ar ár riachtanais.

Seolfar Creat nua Inniúlachta/Inacmhainneachta chun cur síos a dhéanamh ar na hiompraíochtaí a bheidh rithabhachtach chun an t-iarrthóir ceart a mhealladh le haghaidh róil agus mar acmhainn d'fhoireann Tusla i bhfeidhmiú a róil ar gach leibhéal laistigh den Ghníomhaireacht.

Ár bPobal a Choinneáil

In 2024, neartófar bealaí nuálacha comhoibríocha oibre a forbraíodh in 2023 chun go mbeimid in ann an leas is fearr a bhaint as ár ndaoine éirimiúla agus iad a spreagadh chun fanacht agus a ngairm a fhorbairt sa Ghníomhaireacht.


Déanfar anailís chriticiúil ar an bpróiseas dul chun cinn gairme atá ann faoi láthair chun réimsí atá le feabhsú a shainaithint. Cruthófar conairí gairme soiléire sainithe le trédhearcacht fheabhsaithe maidir le deiseanna gairme inmheánacha, agus cuirfear gach folúntas in iúl do gach ball foirne chun rochtain chomhionann ar dheiseanna a chruthú.

Déanfar tionscnaimh chun rath fostaithe a cheiliúradh a chur chun feidhme in 2024 chun aitheantas agus luach a ranníocaíochtaí a léiriú. Forbrófar spás ar leith ar an gcraoladh nuachta chun éachtaí a fhoilsiú: mar shampla, comóradh fadseirbhíse agus gnóthachtálacha foirne.

Ár Scileanna agus ár nAcmhainní a Fhorbairt

Cuirfidh pleananna forbartha agus tacaíochtaí cóitseála ar chumas gach fostaí rath a bhaint amach. In 2024, tabharfaimid clár cóitseála isteach do gach fostaí chun cabhrú leis an bhfoireann a n-acmhainneacht a bhaint amach agus an leas is fearr is féidir a bhaint as a ngairmréim le Tusla. Cinnteoimid go mbeidh plean forbartha saincheaptha i bhfeidhm ag gach fostaí don 12 mhí amach romhainn chun a n-acmhainneacht a bhaint amach.

Leanfaimid de dheiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil agus a chur chun cinn trí chláir atá ann cheana a chur in iúl agus trí athbhreithniú agus leathnú leanúnach a dhéanamh ar thairiscintí (nuair is féidir) chun cabhrú le cultúr foghlama a chruthú.





Ár bhFoirne a Stiúradh

In 2024, neartóidh Tusla an caidreamh idir FBF agus fostaithe, agus tabharfaidh sé infheictheacht agus rochtain níos fearr don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ar bhaill foirne i seirbhísí túslíne. Mar chuid de na tionscnaimh seolfar sraith físeán ‘Cuir aithne ar an FBF’ chun tuiscint a fhorbairt ar ról Fheidhmeacha in Tusla, a sainchúram agus a gcuspóir.

Cruthóidh Tusla bealach cumarsáide comhtháite idir FBF agus an fhoireann faoi shaincheist na cumarsáide le fostaithe ó FBF tar éis gach gníomhaíochta rannpháirtíochta fostaithe, amhail suirbhéanna bíge agus rannpháirtíochta.

In 2024, leanfar de bheith rannpháirteach inár nAcadamh Ceannaireachta agus Bainistíochta ar fud na gníomhaireachta ar mhaithe le caighdeán cheannaireachta, ceannaireacht cleachtais agus bainistíocht comharbais a fhorbairt tuilleadh.

Ag Tacú lenár bhFolláine

Is é an aidhm atá againn cultúr sláinte agus folláine a bheith againn a bheidh mar bhonn eolais lenár bpríomhphróisis agus ár bpríomhnósanna imeachta acmhainní daonna. In 2024, méadóimidfeasacht ar sheirbhísí tacaíochta folláine Tusla agus déanfaimid cinnte de go bhfuil rochtain éasca agus chothrom ar sheirbhísí trí thionscnaimh leanúnacha a thiomsú in aon áit amháin agus tairiscintí folláine a chur in iúl. Déanfaimid imeachtaí leanúnacha folláine a eagrú agus a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an tuiscint fhoriomlán ar an folláine, e.g. seimineáir folláine airgeadais.

Cruthófar struchtúr tacaíochta d’fhostaithe le pointí teagmhála aitheanta le haghaidh seirbhísí amhail an Clár Cúnaimh d’Fhostaithe (CCF), IT agus RGCS, ionas go mbeidh fostaithe ar an eolas faoi thacaíochtaí agus go mbeidh siad ábalta a gcuid fiosruithe a stiúradh dá réir. Cuimsíonn an fhoireann sliotáin ina bhféilirí le haghaidh lóin agus sosanna, agus spreagfar Ceannairí Foirne chun tacú go gníomhach lena bhfoirne chun cultúr sláinte agus folláine a chur chun cinn.

A bheith mar eagraíocht ‘Inathraithe’

In 2024 tógfaimid tuiscint ar athruithe laistigh de Tusla, agus, go criticiúil, ar an bhfáth a bhfuil na hathruithe ag tarlú. Cuirfimid feabhas ar chumarsáid roimh nósanna imeachta/prótacail nua trí threoracha a thabhairt isteach sula gcuirfear nósanna imeachta agus prótacail nua i bhfeidhm.


Forbróimid tuiscint na bhfostaithe ar an nasc atá acu le straitéis Tusla trí nuashonruithe a eisiúint maidir leis an dul chun cinn ar straitéis Tusla agus na cuspóirí sa bhliain dár gcionn chun athrú éifeachtach a chumasú maidir le hathdhearadh eagraíochtúil agus seirbhísí feabhsaithe a sholáthar.

Aguisín 1

Aguisín 1: Príomhspríocanna agus Bearta Feidhmíochta 2024

Glacadh	• Tabharfar chun críche threoirilínte nós imeachta náisiúnta maidir le glacadh naíonán.
SOMC	• Liosta feithimh na Scoile Baile a laghdú 15%. • Laghdú 20% ar an liosta feithimh athbhreithnithe. • Measúnú ar 50% de na scoileanna neamhaitheanta.
Cúram malartach	• Gheobhaidh 100% de chúramóirí altrama an liúntas méadaithe cúraim altrama. • Beidh rochtain ag 100% de chúramóirí altrama atá nua nó ar lú a dtaithe ar phiarthacaíocht ó chúramóirí altrama a bhfuil taithe acu. • Cuirfear 90% dár leanaí faoi chúram i socrúcháin cúraim altrama. • Beidh plean iarchúraim ag 87% ar a laghad de dhaoine óga a fhaigheann seirbhís iarchúraim. • 20 leaba chónaithe bhreise in ionaid chónaithe. • Déanfar oibrí iarchúraim a leithdháileadh ar 100% de dhaoine óga incháilithe a meastar gur gá dóibh ceann nuair a bhaineann siad 18 mbliana d'aois amach.
Barnahus	• Meastóireacht ar scéim phíolótach Barnahus Thiar curtha i gcrích. • Barnahus Theas idirthréimhseach seolta i limistéir ar leith.
Faisnéis agus Rianú Breithe	• D'fhreagair 100% de na hiarratais ar Fhaisnéis Bhreithe laistigh de na tréimhsí ama reachtúla.
Cumarsáid	• Plean cumarsáide bliantúil i bhfeidhm ag 100% de na Réigiúin, le hEochairtháscairí Feidhmíochta (EFanna) comhaontaithe le haghaidh cumarsáid inmheánach agus sheachtrach araon ar fud na n-ardán uile (rannpháirtithe, na meáin réigiúnacha, na meáin shóisialta, etc.).
An Earnáil Dheonach agus Pobail	• Beidh 100% de chomhaontuithe nua ar leibhéal na seirbhíse i gcomhréir leis an treoir nua maidir le rialachas agus comhlíontacht. • Gach bliain cuirfear i gcrích athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais 100% de na Gníomhaireachtaí cistithe a fhaigheann cistiú os cionn €1m. • 100% de Ráitis Comhlíontachta Airgeadais uile na nGníomhaireachtaí cistithe agus 75% de thuairisceáin Athbhreithnithe agus Faireacháin Bhliantúil Airgeadais comhlánaithe agus curtha isteach ar líne.
An Rialachán maidir le Seirbhísí Leanaí (RSL)	• Acmhainní agus struchtúir forbartha agus ullmhaithe lena gcur chun feidhme roimh thús le clárú agus cigireacht ar fheighlithe linbh nach gaolta iad.
ACRCL	• Athbhreithniú ar Straitéis ACRCL 2018-2023 curtha i gcrích agus straitéis nua trí bliana i bhfeidhm.
Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise	• Méadú íosta 3% ar ár rátaí comhlíontachta maidir le tréimhsí ama reachtúla d'íarrataí um Chearta Ábhar Sonraí, d'íarrataí um Shaoráil Faisnéise (ISF) agus d'fhógra maidir le sárú. • Laghdú íosta 3% ar sháruithe ardleibhéil. • 100% de na MTPSanna tosaíochta curtha i gcrích. • 100% de MPSanna tosaíochta maidir le Tríú Páirtithe curtha i gcrích.

FBGI	Déanfar seirbhísí coimisiúnaithe FBGI a asnamh chuig córas saincheaptha nua na Gníomhaireachta FBGI.
Eastáit	- Rinneadh dul chun cinn maidir leis Straitéis Eastát nua a fhorbairt. - Cuireadh tús le forbairt an phlean chun riachtanais an Rialtais maidir le hAthrú Aeráide agus Inbhuanaitheacht a chomhlíonadh.
Comhlíontacht Airgeadais agus Formhaoirseacht	- Cur chun feidhme 100% de na moltaí airgeadais maidir le hiniúcháireacht inmheánach laistigh de na hamlínte a comhaontaíodh. - Críochnú 95% i dtaca leis an suirbhé dearbhaithe rialaithe bliantúil ag bainisteoirí líne Tusla agus cur i gcrích 100% i dtaca leis an ráiteas dearbhaithe bliantúil ó Fhoireann Bainistíochta an Fheidhmeannais agus ó Phríomhoifigigh Réigiúnacha. - Tuarascálacha feabhsaithe ar bhainistíocht airgeadais chun tacú le socruithe nua bainistíochta feidhmíochta agus le struchtúir nua eagrúcháin atá i bhfeidhm.
IA Tanna/CSL Danna	Próiseas i bhfeidhm chun an clár Ionad Acmhainní Teaghlaigh a leathnú i gcomhréir leis an gcistiú ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige atá ar fáil.
Sláinte agus Sábháilteacht	- Níos mó ná 80% comhlíontachta i dtuairisciú FCI. - Pacáiste oiliúna in FCI curtha ar fáil do gach ball foirne cúraim speisialta. 3,000 spás oiliúna FCI ar fáil d'fhoireann uile Tusla. - Is é clúdach ráitis sábháilteachta 90% d'fhostaithe Tusla.
TFC	- Beidh 90% de na comhaid cásanna oscailte ina gcomhaid dhigiteacha amháin agus déanfar iad a bhainistiú i gCóras Bainistithe Cásanna Tusla. 25% de mhéadracht feidhmíochta Tusla a bhainistítear de láimh faoi láthair lena bhfeabhsú trína ríomh go huathoibríoch ó chórais dhigiteacha. 5% de na comhaid pháipéir stairiúla uile le hinnéacsú agus le haistriú chuig an tseirbhís cartlannaithe coimisiúnaithe nua atá ar conradh ag Tusla. - Príomhtháscairí cáilíochta sonraí le haghaidh cásanna digiteacha oscailte atá le sainiú agus plean feabhsaithe cáilíochta le cur chun feidhme. 85% de Thaifid Uchtála stairiúla atá fós ar phár amháin a dhigitiú agus a innéacsú. - Léargas slán amháin ar an leanbh agus ar a c(h)lann agus naisc thar 90% de sheirbhísí agus de rannpháirtíochtaí le Tusla. - Seachadadh 75% de chlár Slándála Faisnéise ISO 27001 agus fuarthas deimhniú rathúil. 75% de Sheirbhísí Oibríochtaí Tusla do leanaí agus do theaghlaigh a fhaigheann tacaíocht ó chórais chomhtháite (Tairseach agus Córas Bainistithe Cásanna Tusla). 50% d'oibríochtaí Acmhainní Daonna, Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha Tusla (A&SC) agus d'fheidhmeanna Cáilíochta agus Rialála (C&R) nach bhfuil digitithe le feabhsú trí thacú le Córais TFC chomhtháite chuí (Córais Tacaíochta Gnó). 40% de na foirmeacha páipéir reatha a úsáideann gach seirbhís in Tusla á ndigitiú i r-Fhoirmeacha nó i gcórais tacaíochta.



Comhar Idirghníomhaireachta	• An t-athbhreithniú ar Phrótacal Oibre Comhpháirteach AGS/Tús Áite do Leanaí Tusla le cur i gcrích. • An Comhaontú Comhroinnte Sonraí a chur chun feidhme. • Gníomhaíochtaí Tusla sa Straitéis do Dhaoine Óga gan Dídean 2024 a chur i gcrích.
Prótacal Comhpháirteach	• Prótacal Comhpháirteach athbhreithnithe FSS/Tusla le forbairt.
Teagmhais agus Gearáin	• Méadú 50% ar chur i gcrích oiliúna teagmhas agus gearán ag foireann Tusla agus tús a chur le tuairisciú agus anailís ar Power BI ar shonraí teagmhais a sholáthar do bhainisteoirí sinsearach agus d'oifigigh Feabhsúcháin Seirbhíse agus Riosca Cáilíochta (FSRC). • Cuirfear i gcrích athbhreithnithe ar 90% de theagmhais arb é 'olltheagmhas' an rátáil déine atá acu ar an gCóras Náisiúnta Bainistíochta Teagmhas (CNBT). • Méadú 50% ar chur i gcrích athbhreithnithe le haghaidh teagmhas lena mbaineann rátáil déine 'mórtheagmhas' ar CNBT a thuairisceofar ó 2024 ar aghaidh. • Méadú 50% ar chur i gcrích athbhreithnithe le haghaidh teagmhas lena mbaineann rátáil déine 'meánteagmhas' ar CNBT a thuairisceofar ó 2024 ar aghaidh. • Laghdú 15% ar fud na tíre ar ghearáin a bhí oscailte ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí. • 50% de na gearáin le réiteach go háitiúil ag céim 1 den phróiseas gearáin. • Anailís a chur i gcrích ar gach gearán a rinne cúramóirí altrama in 2022 chun treochothaí agus deiseanna le haghaidh feabhsuithe a shainaithint.
Tacaíochtaí Tuismitheoireachta	• Geo-mhapáil tacaíochtaí tuismitheoireachta le cur i gcrích. • An cleachtadh scóipe a chur i gcrích chun moil thuismitheoireachta a bhunú i ngach réigiún.
CCTT	• 17 gCleachtóir Tacaíochta Teaghlaigh le bheith i bhfeidhm chun tacú le teaghlaigh in ionaid SCCI. • Plean acmhainní le comhaontú leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun scéimeanna pólótacha rathúla a phríomhshruthú faoin tionscnamh What Works. • Plean forfheidhmithe le bheith i bhfeidhm le haghaidh gníomhaíochtaí comhaontaithe den Athbhreithniú Caiteachais ar sheirbhísí tacaíochta teaghlaigh san earnáil dheonach agus pobail arna gcistiú ag Tusla.
Córais Dearbhaithe Cleachtais agus Feidhmíochta	• Mapáil próisis CBC le cur i gcrích le haghaidh clár soláthair seirbhíse comhtháite áitiúil. • Creat Anailíseach Gnó le faomhadh agus Ionad Barr Feabhais le bunú. • Cuireadh tús leis an tuairisciú trí dheais chomhtháite ar bhonn ráithiúil. • Creat Torthaí arna shainiú ag Tusla le ceadú agus sraith beart torthaí le comhaontú. Clár na seisiún faisnéise maidir leis an gCreat Torthaí le cur ar fáil do gach ball foirne agus do gach páirtí leasmhar seachtrach ábhartha.
Athchóiriú Struchtúrach	• Cuireadh tús le hathstruchtúrú 17 Limistéar Tusla ina 30 líonra. • Tús le cur le Samhail nua um Sheachadadh Seirbhíse Comhtháite Áitiúil a chur i bhfeidhm.



Dualgas na hEarnála Poiblí	• Oiliúint éigeantach le bheith i bhfeidhm do gach fostaí. • Measúnú inmheánach/fostaí de réir chreat CECDC le cur i gcrích.
Earcaíocht agus Coinneáil	• Creat Inniúlachta Tusla a chur i bhfeidhm do gach ball foirne. • Creat forbartha tallainne agus cuntasachta feidhmíochta a chur chun feidhme don fhoireann go léir. • Líonra Tusla um an Athrú a bhunú, 50 tacaí an athraithe a ainmniú agus oiliúint a chur orthu i ngach Limistéar Réigiúnach. • Cuirfear oiliúint Bainistíochta Athruithe ar 20% den fhoireann ar fad. • Comhráite feidhmíochta le déanamh le 100% den fhoireann. • Cuirfear oiliúint ar 20% den fhoireann ar fad i scileanna Ceannaireachta agus Bainistíochta.
LSCIL	• Forbrófar samhail chúraim nua le haghaidh leanaí scartha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu. • 100 áit chónaithe bhreise le bheith i bhfeidhm le haghaidh mionaoisigh neamhthionlactha agus leanaí scartha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu. • Tuarascáil na bpáirtithe leasmhara maidir le moltaí seirbhísí le haghaidh leanaí scartha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu le cur i gcrích agus cur chun feidhme na moltaí a tionscnaíodh.
Taithí Seirbhíse	• Pearsana úsáideoirí seirbhíse don phróiseas mapála turais le forbairt agus le bailíochtú. • Léarscáiliú turais le coimisiúnú. • Dréachtbheartas maidir leis an gCreat um Léargas ar Eispéireas Seirbhíse le cur i gcrích.
STOT	• Plean Tusla le haghaidh athbhreithniú agus leathnú ar sholáthar seirbhíse STOT le forbairt. • Plean straitéiseach STOT le forbairt chun tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil an Lucht Siúil agus na Romach a fheabhsú faoin Straitéis Oideachais do Phobal an Lucht Siúil agus na Romach. • Plean chun an Feachtas Freastal Scoile Náisiúnta 2024/2025 le bheith i bhfeidhm agus tús a chur lena chur i bhfeidhm.
Seirbhísí teiripeacha	• Sé cinn d'Fhoirne Teiripeacha atá Bunaithe ar Limistéar Ildisciplíneach le bheith i bhfeidhm. • Beidh ionchur ildisciplíneach i bpleanáil cúraim ag 100% de leanaí/daoine óga nua atá ag teacht faoi chúram an stáit sna sé Limistéar inar maoiníodh Foirne Teiripeacha.

Aguisín 2

Aguisín 2: Creat Airgeadais (Forlíontach)

Cistiú Foriomlán le haghaidh 2024

Cinneadh Glan-Neamhchaipitil


Is é €1,114.232 milliún cinneadh oll-neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2024 (lena n-áirítear €56.284 milliún ón Roinn Oideachais). Déanfar é sin a chistiú i bpáirt le leithreasú measta €18.870 milliún in ioncam cabhrach ó asbhaintí aoisliúntais agus pinsin. Dá bhrí sin, is é €1,095.362 milliún cinneadh glan-neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2024.

Leagtar amach comhdhéanamh táscach leithdháileadh airgeadais 2024 i ndáil le Glan-Neamhchaipitil i dTábla 2.

Tábla 2: Leithdháileadh airgeadais i leith na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh 2024

	Foinse Maoinithe	Leithdháileadh Iomlán Tusla 2024
		€m
Pá		407.035
Pinsin		19.445
Pá Iomlán		426.480
Cúram Altrama agus Liúntais Eile		137.544
Cúram Cónaithe Príobháideach agus Cúram Altrama		240.018
Imeachtaí Dlí		30.494
Deontas		201.832
Neamhphá eile		77.863
Neamhphá Iomlán		687.752
Oll-Leithdháileadh Neamhchaipitil	DCEDIY Príomh-fhocheanteideal A3:	€993.648m
	Vóta 26 An Roinn Oideachais:	€56.284m
	DCEDIY FBGI A7:	€0.0m
	DCEDIY An Úcráin:	€31.498m
	DCEDIY E4 Cosaint Idirnáisiúnta:	€13.000m
	DCEDIY Fo-cheannteidil Eile:	€8.686m
	DCEDIY Na Luathbhlianta B5:	€11.116m
		1,114.232
Leithghabháil i gcabhair		-18.870
Glan-leithdháileadh Neamhchaipitil		1,095.362





Fo-cheannteideal A3 Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Tiocfaidh méadú €94.066 milliún ó €899.582 milliún in 2023 go €993.648 milliún in 2024 ar an Oll-leithdháileadh Neamhchaipitil faoi Phríomh-Fhocheannteideal A3 Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Vótáil na Roinne Oideachais 26: STOT, CCS agus SOMC

Beidh an leithdháileadh le haghaidh na bliana 2024 a bhaineann le STOT, CCS agus SOMC ón Roinn Oideachais cothrom le €56.284 milliún; méadú €6.518 milliún ar an leithdháileadh €49.766 milliún in 2023.

Fo - cheannteideal A7 — Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (FBGI)

Aistreofar seirbhísí FBGI agus cistiú gaolmhar chuig an Aire Dlí agus Cirt agus chuig gníomhaireacht nua FBGI ón 1 Eanáir 2024. Is é atá sa chistiú atá i gceist leibhéal cistiúcháin 2023 atá ann cheana

de €38.534m, agus €7.919m breise urraithe ag an Roinn Dlí agus Cirt i mBuiséad 2024. Dá bhrí sin, €46.453m a bheidh i leithdháileadh 2024 ar an nGníomhaireacht nua, atá tiomnaithe do sheirbhísí a thacaíonn le híospartaigh FBGI.

Fo-cheannteideal B5 — Luathbhlianta

Cuireadh cistiú €11.116 milliún ar fáil freisin faoi Fhotheideal B5 Luathbhlianta le haghaidh 2024, ar méadú €4.204 milliún é thar an €6.912 mhilliún a cuireadh ar fáil in 2023.

Foinsí eile Cistiúcháin

Fuair Tusla leithdháiltí breise €0.610m in 2024 faoi fhoinsí cistiúcháin fo-cheannteidil eile a thugann na leithdháiltí chuig na leibhéil a leagtar amach i dTábla 3.

Tábla 3: Fo-cheannteideal eile 2024

Subhead	Description	€m
C05	Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga	2.860
C05	CSE agus Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh	1.264
C05	Maoiniú d'Ionaid Acmhainní Teaghlaigh	0.850
C05	Tacaíocht Tuismitheoireachta	0.135
B08	Bearta Phlean Gníomhaíochta um Chuntais Dhíomhaoiné 2024	3.577
Iomlán		8.686

Soláthar Caipitil

Rinneadh foráil freisin do chaiteachas caipitiúil na Gníomhaireachta le linn 2024 suas le huasmhéid €17.5 milliún; tá na sonraí leagtha amach sa rannán Caiteachas Caipitiúil thíos.

Toradh a bhfuiltear ag súil leis do 2023

Toradh Réamh-Mheasta 2023


Tá Tusla ag tuar róchaiteachas c.€82.5 milliún (róchaiteachas €84 milliún i gcoinne an leithdháilte ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus gannchaiteachas €1.5m i gcoinne leithdháileadh na Roinne Oideachais) i gcoinne an leithdháileadh bunaidh buiséid le haghaidh 2023 ar bhonn a chuntasaíochta bainistíochta atá bunaithe ar fhabhrúcháin. Tá an róchaiteachas á spreagadh ag brúnna faoi thionchar an éilimh i réimsí na seirbhísí Cónaithe Príobháideacha (Socruithe Éigeandála Speisialta), Leanaí Scartha a bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á Lorg Acu agus seirbhísí

Caomhnóra ad Litem (CAL). Déanfar cur síos orthu seo thíos. Mar sin féin, tá an Gníomhaireacht le leithdháileadh breise de €84 milliún a fháil ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, rud a réiteoidh staid an easnaimh. Tá súil ag an nGníomhaireacht a leithdháileadh airgid iomlán do 2023 a tharraingt anuas, lena n-áirítear an leithdháileadh forlíontach.

Tionchar Ghéarchéim na hÚcráine

Táthar ag tuar gur €15m a chosnóidh caiteachas breise a bhaineann le soláthar tacaíochtaí agus seirbhísí dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin ar Tusla sa réigiún in 2023, in aghaidh an leithdháilte bunaidh €31.400 milliún. Ní raibh sé incheadaithe an leithdháileadh barrachais sin a úsáid in aghaidh an easnaimh atá ann faoi phríomh-fhotheideal A3 na Gníomhaireachta. Leagtar amach i dTábla 4 an t-olltoradh réamhaisnéise agus an t-athraitheas in aghaidh an bhuiséid bunaidh de réir an chineáil caiteachais do 2023 mar aon le coigeartú le haghaidh leithdháiltí forlíontacha.





Tábla 4: Olltoradh a bhfuiltear ag súil leis le haghaidh 2023

Réamhaisnéis le haghaidh na Bliana Iomláine 2023					
Cineál Caiteachais	Catagóir Achoimre	Réamhaisnéis Bhliantúil (€m)	Buiséad 2023 (€m)	Athraitheas Tuartha (€m)	Athraitheas Tuartha (%)
	Gníomhaireacht				
Pá	Ar an bPárolla	345.436	375.159	-29.723	-8%
	Íocaíocht Phinsin	20.721	16.000	4.721	30%
Pá Iomlán		380.765	391.159	-10.394	-3%
	Cúraim Altrama agus Liúntais Eile a Chothú	118.743	121.630	-2.887	-2%
	Deontais	226.334	215.141	11.193	5%
	Dlíthiúil	36.689	30.494	6.195	20%
	Neamhphá Eile	68.054	65.145	2.909	4%
	Soláthar Socrúcháin Neamhspleách	252.121	170.148	81.973	48%
	Taisteal Foirne	12.719	10.663	2.056	19%
Neamhphá Iomlán		714.660	613.221	101.439	17%
Iomlán an Ioncaim		-11.598	-2.969	-8.629	291%
Aoisliúntas/asbhaintí Pinsin (PRD) Ioncam Iomlán		-19.814	-19.814	0.000	0%
Glancaiteachas		1,064.013	981.597	82.416	8%
Leithdháileadh Forlíontach A3		0.000	84.069	-84.069	-
Athraitheas Athbhreithnithe tar éis an Leithdháilte Fhorlíontaigh		1,064.013	1,065.666	-1.653	0%

Costais Íocaíochta

Is éard atá i gceist leis an réamhaisnéis ar phá thart ar €10.4m róchaiteachais ar íocaíochtaí Pinsin de €4.7m agus gannchaiteachas €15.1m ar an gcuid eile den phá. Tagann an gannchaiteachas chun cinn go príomha mar gheall ar choigiltis a bhaineann le ham mar go raibh ag méadú ar líon na mball foirne de réir a chéile le linn 2023 agus níor shroich siad a gcoibhéis lánaimseartha iomlán (CL) iomlán inacmhainne de 5,307, ós rud é go raibh thart ar 135 díobh sin ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair.

Soláthar Neamhspleách Socrúcháin/ Cúram Cónaithe

Lean leanaí a bhfuil riachtanais níos casta fós acu de bheith ag teacht faoi chúram in 2023 agus chruthaigh sé sin éileamh breise ar shainsocrúcháin chúraim chónaithe do na leanaí sin, go háirithe i réimse na Socruithe Speisialta Éigeandála. Tháinig méadú ar an líon daoine i socruithe príobháideacha cónaithe, i socruithe príobháideacha cúraim altrama agus i socruithe speisialta cóiríochta éigeandála in 2023, rud a d'fhág go raibh róchaiteachas tuartha €82.0 milliún sa réimse sin. Áirítear leis an róchaiteachas sin c.€14m atá dlite ó FSS chun tacú le cásanna míchumais i gcomhréir leis na ceanglais maidir le comhroinnt costas faoin bPrótacal Comhpháirteach maidir le Seirbhísí Míchumais.



Leanaí Scartha a Bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á Lorg Acu

Bhí ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar fhás gan fasach ar an éileamh ar sheirbhísí Leanaí Scartha a Bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á Lorg Acu in 2023. Tháinig méadú ar líon na n-imirceach ó thíortha seachas an Úcráin. Mar thoradh ar an éileamh ar na seirbhísí sin, tuaradh easnamh c.€22m in aghaidh an bhuiséid in 2023, agus tá an chuid is mó den easnamh (€19m) ag teacht chun cinn sa soláthar cónaithe príobháideach.

Deontais do Ghníomhaireachtaí Lasmuigh

Tá deontais ag léiriú róchaiteachas €11m le haghaidh 2023. Baineann €4m de seo le róchaiteachas ar shocruithe Leanaí Scartha a Bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á Lorg Acu le Gníomhaireachtaí Deonacha mar gheall ar bhrúnna seirbhíse faoi thionchar an éilimh. Baineann €4m le cistiú breise atá á chur ar fáil do na Gníomhaireachtaí Deonacha i gcomhréir leis an gcomhaontú CCAO agus déantar é a fhritháireamh le €4m a fuarthas mar chuid den Leithdháileadh Forlíontach. Déantar an chuid eile den róchaiteachas a mheaitseáil le foinsí breise ioncaim lena maoinítear caiteachas breise ar dheontais.

Dlíthiúil

Meastar go mbeidh na costais dlí ag €36.7 milliún róchaite i gcomparáid le buiséad €30.5 milliún de €6.2 milliún in 2023. Is sna réimsí a bhaineann le costais CAL agus costais dlí CAL a bhí an brú costais suntasach ar an Dlí. Tá an caiteachas seo faoi thionchar an éilimh toisc gur choimisiúnaigh na Cúirteanna an tseirbhís. Íocann Tusla na soláthraithe, ach is iad na Cúirteanna a stiúran coimisiúnú GAL agus seirbhísí dlí gaolmhara. Chuir Oifig Dlí Tusla in iúl gur aithin sí go raibh úsáid níos airde á baint as CALanna agus gur aithin sí gabháil suas ‘aonuaire’ ag CALanna ar bhilleáil roimh reachtaíocht nua mar fhachtóirí is cúis leis an méadú.

Tábla 5: Spriocanna coigiltis le haghaidh 2024

Coigilteas Féideartha	€m
Sciar FSS den Chomhphrótacal <18 mbliana	9.000
Sciar FSS den Chomhphrótacal >18 mbliana	5.000
Laghdú ar Ráta SEAs	5.000
Aistriú SEAs go Cónaithe	3.000
Coigilteas féideartha eile (taisteal foirne. Óstán ar cíós etc.)	3.000
Coigilteas Iomlán	25.000

Neamhphá Eile

Is é is cúis leis an róchaiteachas tuartha €2.9 milliún i ndáil le Neamhphá Eile go príomha brúnna boilscitheacha ó mhéaduithe ar chostas maireachtála i réimsí amhail teas, cumhacht agus solas, agus earraí grósaera.

Taisteal Foirne


Tháinig méadú suntasach ar thaisteal na foirne in 2023 agus tá róchaiteachas €2m á léiriú anois i réamhaisnéis na bliana iomlána. Tá sé sin ag druidim leis na leibhéil chaiteachais a bhí ann roimh COVID. Tá sé beartaithe ag Tusla srianta ar thaisteal a thabhairt isteach chun an caiteachas a laghdú le haghaidh 2024.

Oil-Toradh Réamh-Mheasta le haghaidh 2024

Tá an Gníomhaireacht ag súil go leanfaidh an brú ar sheirbhísí faoi stiúir an éilimh a sainaithníodh in 2023 ar aghaidh go 2024. Bíonn an Gníomhaireacht ag iarraidh a chinntiú i gcónaí go gcuirtear seirbhísí ar fáil laistigh dá leithdháileadh, ach mar gheall ar na hoibleagáidí reachtúla chun freastal ar riachtanais leasa agus cosanta leanaí agus teaghlach atá i mbaol, lean an t-éileamh ar sheirbhísí de bheith níos mó ná na hacmhainní atá ar fáil, rud a fhágann go bhfuil cistiú breise ag teastáil le blianta beaga anuas.

Spriocanna coigiltis sainaitheanta le haghaidh 2024

Shainaithin an Gníomhaireacht figiúr c.2.5% dá leithdháileadh mar sprioc choigiltis le haghaidh 2024 chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna faoi thionchar an éilimh a bhfuiltear ag súil leo. Déantar achoimre ar na spriocanna coigiltis sin i dTábla 5.



a. Íocaíochtaí Míchumais ó FSS (Prótacal Comhpháirteach)

Faoin bPrótacal Comhpháirteach reatha maidir le Míchumas, aontaíonn FSS agus Tusla ar bhainistiú agus cistiú socruithe do leanaí faoi mhíchumas faoi chúram Tusla. Cé go bhfuil comhaontú ann maidir leis na socruithe sin, ní raibh FSS in ann a cuid gealltanais a chomhlíonadh sna blianta roimhe seo maidir lena sciar den chistiú mar gheall ar ghealltanais acmhainní. Oibreoimid le FSS agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun a chinntiú go maoiníofar Tusla go leibhéil an easnaimh reatha €14 milliún in 2024.

b. Laghdú ar chostas SSÉna (Socruithe Speisialta Éigeandála)

In 2023, chuir an Ghníomhaireacht socruithe praghsála nua i bhfeidhm le soláthraithe chun costas seirbhísí SSÉ a chuíchóiriú agus a laghdú, agus tá sé beartaithe é a chur i bhfeidhm go hiomlán le haghaidh R1 2024. Tá sprioc coigiltis €5 mhilliún leagtha síos ag an nGníomhaireacht in 2024 bunaithe ar shocruithe seirbhíse reatha.

c. Coigilt ar chostais SSÉ mar gheall ar infhaighteacht mhéadaithe áiteanna cónaithe nua

Fuair an Ghníomhaireacht cistiú i leithdháileadh 2024 chun líon na socrúcháin cónaithe a mhéadú in 2024. Tá sé i gceist againn an spleáchas ar shocrúcháin SSÉ a laghdú de réir mar a thagann na socrúcháin chónaithe nua chun cinn. Táimid ag díriú ar choigilteas €3m in 2024 agus tá coinne le tuilleadh coigiltis in 2025.

d. Sprioc coigiltis eile

Tá sprioc eile leagtha síos againn chun caiteachas ar chostais nach mbaineann le seirbhís a laghdú €3m in 2024.

e. Bearta eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach a chur san áireamh

Mar thoradh ar easnamh cistiúcháin breise in 2024 bheadh gá le laghduithe costais a dhíriú ar réimsí an phá, deontais do ghníomhaireachtaí deonacha, seirbhísí cónaithe príobháideacha, dlí agus neamhphá eile. Bheadh gá le faomhadh ón Aire le haghaidh beart a dhéanamh i leith moltaí le haghaidh laghduithe costais den chineál seo. Leagtar amach i dTábla 6 na roghanna laghdaithe costais a bheadh ar Tusla a mheas mar gheall ar easnamh breise cistithe.



Tábla 6: Roghanna laghdaithe costas le haghaidh 2024

Caiteachas	Spreagadh costais	Roghanna chun costais a laghdú
Pá	Costas arna spreagadh ag líon na ndaoine atá fostaithe	Reo earcaíochta le laghdú breise ar Oibrithe Sóisialta agus ar phríomhfhoireann Cúraim Shóisialta chun oibriú i seirbhísí cónaithe, rud a fhágann go gcailltear socrúcháin chónaithe.
Pinsin	Costas arna spreagadh ag pinsinéirí iarbhír	Níl aon scóip ann le haghaidh laghdú.
Liúntais Chúraim Altrama	Costas arna thiomáint ag líon na leanaí faoi chúram stáit	Níl aon scóip ann le haghaidh laghdú ar an líon atá ann faoi láthair.
Liúntais Iarchúraim	Costas á thiomáint ag líon na ndaoine óga a fhaigheann liúntas iarchúraim	Laghdú ar Sheirbhísí iarchúraim agus easpa dídine ar dhaoine óga idir 18 agus 23 mar thoradh air sin.
Deontais	Seirbhísí coimisiúnaithe faoi thionchar an éilimh seirbhíse	Laghdú ar sheirbhís agus leithdháileadh ar ghníomhaireachtaí agus cailteanas áiteanna cónaithe mar thoradh air sin chomh maith le tacaíocht laghdaithe do leanaí agus do theaghlaigh atá i mbaol, rud a fhágann go bhfuil níos mó leanaí ag teacht faoi chúram an Stáit agus go bhfuil ag méadú ar an spleáchas ar shocrúithe cónaithe gearrthéarma costasacha SSÉ.
Dlíthiúil	Costais seirbhíse faoi thionchar an éilimh agus costais CAL	Faoi threoir cúirte é seo agus mar sin ní féidir é a laghdú.
Neamhphá eile	Seirbhísí cúraim leanaí ginearálta, costais reatha oifige agus riaracháin lena n-áirítear cíosanna, cothabháil, oideachas, speansais oifige, glantachán, slándáil, agus seirbhísí gairmiúla	Tionscadail straitéiseacha a ghearradh siar, e.g. HIQA, Cosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise (Saoráil Faisnéise), Comharthaí Sábháilteachta, Sláinte & Sábháilteachta, forbairtí TFC, Straitéis Eastát, Straitéis Daoine. Is lú an coigilteas a d'fhéadfaí a dhéanamh agus chuirfí deireadh le príomhathruithe straitéiseacha arb é is aidhm dóibh na saincheisteanna géarchéime atá ann faoi láthair a réiteach.
Cúram príobháideach cónaithe agus altrama	Líon na socrúchán	Líon na socrúchán atá ar fáil do leanaí a laghdú agus treoir mhéadaithe ón gCúirt leanaí a chur i SSÉanna ar chostas ard. Soláthar leanaí scartha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu/IRPP a laghdú agus an baol ann go sárófar beartas agus dlíthe an rialtais maidir le mionaoisigh a chosaint.



Réimsí Riosca Airgeadais

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta don Phlean Gnó a chur i gcrích laistigh den leithdháileadh a cuireadh ar fáil di le haghaidh 2024. Mar sin féin, ciallaíonn cineál na seirbhísí atá á soláthar go mbeidh sábháilteacht agus cúram aon linbh atá i mbaol ar an bpríomhfhachtóir agus cinntí caiteachais á gcinneadh. Tá soláthar éifeachtach seirbhíse agus luas pleanáilte an athchóirithe ag brath ar acmhainní leordhóthanacha a bheith ar fáil, agus tá fáilte mhór á cur roimh na hacmhainní breise atá á cur ar fáil don Ghníomhaireacht le haghaidh 2024 agus cabhróidh siad go mór leis na hiarrachtaí leanúnacha chun feabhas a chur ar an gcúram agus ar na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag Tusla do leanaí agus teaghlaigh leochaileacha inár sochaí.

Leagtar amach thíos na príomhréimsí riosca airgeadais le haghaidh na Gníomhaireachta in 2024.

Seachadadh Seirbhísí laistigh den Leithdháileadh

Déanfaidh an Ghníomhaireacht maoirseacht láidir ar bhainistiú an Leithdháilte chun a áirithiú go mbeidh an riosca is lú is féidir ann maidir le róchaiteachas in 2024. Rachaidh Tusla i gcomhairle leis an Aire agus le hoifigigh a Roinne chun teacht ar chomhaontú maidir le haon bheart chun gníomh ceartaitheach a dhéanamh maidir le comhlíonadh oibleagáidí reachtúla agus moltaí seachadta seirbhíse, más rud é go dtagann ann don riosca róchaiteachais. Mar a sainithníodh cheana, tá brú an-tromchúiseach ar an nGníomhaireacht faoi thionchar an éilimh agus leanfaidh siad de bhrú a chur orthu in 2024.

An Úcráin: Deimhníodh cistiú €31.498 milliún chun seirbhísí a sholáthar a bhaineann le leanaí agus teaghlaigh atá ag teacht ón Úcráin le haghaidh na bliana 2024. Oibreoidh Tusla go dlúth leis an Roinn chun faisnéis a chur ar fáil don leithdháileadh sin agus déanfaidh sé é a bhainistiú. Mar sin féin, tá soláthar seirbhísí laistigh den leithdháileadh ag brath ar líon na leanaí a thagann go hÉirinn in 2024 agus ar an leibhéal seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil do leanaí arna dteitheadh ó chrios cogaidh.

Seirbhísí Cónaithe: Lean Tusla d'éileamh an-ard a fháil in 2023 maidir le leanaí a bhfuil riachtanais an-chasta acu agus a dteastaíonn sainseirbhísí uathu go minic ar bhonn éigeandála.

Is é an riachtanas atá ann go mbeadh cúram dhá dhuine ar a laghad ag na leanaí seo le haghaidh tréimhsí fada agus costas is mó ná €0.8m in aghaidh na háite ar bhonn bliantúlaithe. Cé go bhfuil gá le hacmhainní suntasacha, tá an líon daoine atá ag lorg na socruithe sin fós an-ard agus tá coinne go leanfaidh sé sin ar aghaidh go dtí an bhliain 2024, rud a chruthóidh éilimh shuntasacha ar acmhainní.

Fanann costais ár socrúcháin cónaithe phríobháideacha os cionn €300k in aghaidh na bliana agus gach socrúchán i gcúram altrama príobháideach os cionn €50k in aghaidh na bliana. Tagraimid don athbhreithniú a d'fhoilsigh Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (SEMRÉ) ar na costais a bhaineann leis an tseirbhís, agus tá an tuarascáil seo ar fáil <https://assets.gov.ie/90898/7509a985-73a8-4963-a2eb-522285714ab2.pdf>.

Seirbhísí Míchumais: Tá an t-éileamh ar sheirbhísí do leanaí agus do dhaoine fásta óga faoi chúram Tusla a bhfuil diagnóis acu atá idir Míchumas Measartha agus Míchumas Trom ag fás i gcónaí. Thángthas ar chomhaontú idir an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an Roinn Sláinte in 2020 chun gur féidir le FSS costais do na seirbhísí sin a roinnt le Tusla, lena n-áirítear gach cás nua ina bhfuil diagnóis atá idir Míchumas Measartha agus Míchumas Trom ag páiste a chuirtear faoi chúram. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an gcomhaontú le FSS, agus tá sé curtha in iúl ag FSS go bhfuil sí toilteanach an t-airgead breise atá dlite in 2024 a chistiú. Leagtar amach iad sin sna spriocanna coigiltis thuas agus déanfar faireachán orthu le linn 2024. Ba é an costas iomlán a bhain le socrúcháin do dhaoine faoi mhíchumas ná €41m.

Pá: Tá Straitéis um Pá agus Uimhreacha curtha i bhfeidhm ag Tusla chun uasteorainneacha coibhéise lánaimseartha a shainithint le leithdháileadh buiséid pá riachtanach i gcás gach ceann de Réigiúin/Ceantair Seirbhíse Tusla, Seirbhísí Náisiúnta agus Stiúrtóireachtaí Corparáideacha. Meastar go mbeidh an sprioc inacmhainne coibhéise lánaimseartha le haghaidh 2024 ag 5,658 oibrí lánmhaoinithe de choibhéis lánaimseartha (5,722 cistithe cuid den bhliain). Leanfaidh an sprioc sin de bheith ag feidhmiú mar an rialú ardleibhéil ar chostas pá agus ar mhéid an phá in 2024 chun a chinntiú go mairfidh an Ghníomhaireacht laistigh dá leithdháileadh pá.





Ba é ba chúis leis na **costais phinsin** líon níos airde ball foirne a bheith ag dul ar scor ná mar a buiséadaíodh in 2023, agus táimid ag súil go bhfanfaidh líon na ndaoine a rachaidh ar scor ard in 2024. Ní féidir na costais sin a rialú go héasca ó thaobh feidhmíochta airgeadais de agus is deacair iad a thuar go cruinn.

Ullmhaíodh an plean seo ar an mbonn go ndéileálfar le saincheisteanna cistithe a bhaineann le pinsin ar leithligh ón acmhainn ghinearálta atá ar fáil chun seirbhísí a sholáthar.

Seirbhísí larchúraim: Tá Tusla ag gealladh c.€40.0 milliún do sheirbhísí larchúraim in 2024. Tacaíonn cuid mhór den infheistíocht seo le haosaigh leochaileacha óga atá ag fágáil cúraim a mbíonn tionchar ag míchumas, ag andúil, nó ag saincheisteanna meabhairshláinte orthu chomh maith leis na leochaileachtaí a bhaineann le leanaí a chaith a saol óg faoi chúram an stáit. Bheadh go leor de na daoine óga a bhfuil tacaíocht á tabhairt dóibh gan dídean mura mbeadh na tacaíochtaí sin ar fáil.

Seirbhísí síceolaíochta: Leanann an Ghníomhaireacht uirthi ag íoc an FSS as seirbhísí síceolaíochta arb ionann iad agus €7 milliún in aghaidh na bliana. Cheannaigh Tusla seirbhísí teiripe freisin ar chostas c.€6.0 milliún breise in 2023, agus táthar ag súil leis go leanfaidh sin ar aghaidh go 2024.

Is le cinntí aonair ón gCúirt a chinntear costais an **Chaomhnóra Ad Litem**, bíonn caiteachas faoi thionchar an éilimh mar thoradh air agus ní mór don Ghníomhaireacht an caiteachas sin a íoc. Tá sárú suntasach déanta ag an gcaiteachas sin ar an mbuiséad in 2023 agus tá baol láidir ann go sáróidh an caiteachas le haghaidh CALanna an buiséad leithdháilte in 2024.

Féadfaidh Tusla **íocaíochtaí a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát** i leith an chostais a bhaineann le héilimh a d'eascair sna blianta roimhe a bhainistiú agus a shocrú in 2024. Is de chineál dlíthiúil agus teicniúil iad na híocaíochtaí sin agus ní dhéantar foráil sa Phlean Gnó maidir le haon chaiteachas faoin gceannteideal sin, toisc nach bhfuil aon bhuiséad i bhfeidhm go fóill chun é a chumhdach. B'ionann an meánchaiteachas agus €4m in aghaidh na bliana le blianta beaga anuas.

Caiteachas méadaithe TFC: Rinneadh infheistíocht shuntasach i gcórais nua, imirce chuig TuslaIRL, cumasú soghluaisteachta, nascacht, trealamh agus bainistíocht sonraí de réir Straitéisí TFC agus Bainistíochta Sonraí na Gníomhaireachta. Tá méadú tagtha ar chostais oibriúcháin sa réimse sin le blianta beaga anuas mar thoradh air sin, agus d'fhéadfadh méadú teacht orthu arís in 2024.

Próisis láimhe: Is de láimh a dhéantar roinnt próiseas íocaíochta agus dá bhrí sin tá riosca méadaithe acu mar gheall ar rialuithe láimhe agus easpa uathoibrithe. Tá an t-ardriosca sin sainaitheanta ag an nGníomhaireacht agus tá rialuithe maolaitheacha curtha i bhfeidhm aici ar na réimsí sin. Tá coinne go réiteofar cuid de na saincheisteanna sin tríd an aistriú chuig próisis dea-chleachtais faoin gcóras airgeadais nua CCBA, córas a mhair i mí Iúil 2023.

Saincheisteanna maidir le Meabhrán Tuisceana FSS (MOU): Aithnítear san MT le FSS maidir le comhroinnt seirbhísí nár bunaíodh Tusla leis an infreastruchtúr corparáideach a bheadh ag teastáil chun na tacaíochtaí a sholáthar chun eagraíocht dá méid a rialú agus a riar go héifeachtach. Cé go bhfuil fás tagtha ar Tusla ó 2014, tá a bhonneagar lárnach le haghaidh seirbhísí Airgeadais, Soláthair, Acmhainní Daonna agus Eastáit fós ag brath go mór ar FSS. Tá laghdú suntasach tagtha ar an spleáchas ar bhonneagar TFC trí thionscadal TuslaIRL a chur i bhfeidhm.

Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais: Chuir Tusla Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais FSS chun feidhme in 2023 i gcomhréir le straitéis na Roinne Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Chuir saincheisteanna cur chun feidhme moill ar sheachadadh gnéithe áirithe, lena n-áirítear tuairisciú, agus beidh tionchar aige sin ar an gcumas tuairiscithe go 2024. Chuir an Roinn Sláinte cistiú breise ar fáil le déanaí chun cur chun feidhme na céime seo a chur i gcrích, agus tá coinne go bhfeabhsóidh sé sin an cumas tuairiscithe le linn 2024.

Caveat faoi shonraí agus toimhdí eile: Tá an fhaisnéis airgeadais atá ina buntaca leis an bplean faoi réir na dteorainneacha sonracha a bhaineann le córais airgeadais FSS, atá faoi réir teorannú doiciméadaithe. Rinneadh gach iarracht laistigh den am agus de na hacmhainní atá ar fáil lena chinntiú go bhfuil na meastacháin a chuirtear ar

fáil sa phlean chomh cruinn agus is féidir tráth a ullmhaithe. Mar sin féin, ní mór é a léamh sa chomhthéacs thuas, agus tugtar faoi deara gurb ionann lamháil earráide chomh beag le 0.5% agus c.€5 milliún i dtéarmaí glanchaiteachais don Ghníomhaireacht.

Caiteachas caipitiúil

Tá leithdháileadh caipitil 2024 beartaithe ar an gcéad dul síos chun gealltanais chonarthaigh atá ann cheana agus a rinneadh faoi Phleananna Caipitil roimhe seo a chomhlíonadh chomh maith le ceanglais seirbhíse atá beartaithe don todhchaí.

Tosaíochtaí an Phlean Caipitil 2024

Forbraíodh tosaíochtaí an Phlean Caipitil do 2024 le míonna beaga anuas. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil gealltanais ann cheana maidir le tionscadail chaipitil leanúnacha a rinneadh in 2023 nó níos luaithe, amhail mórthionscadail athchóirithe ag Naomh Seosamh, Luimneach, chomh maith le tionscadail chaipitil bheaga áirithe nach n-íocfar ina n-iomláine go dtí go luath in 2024.

Moltar clár caipitil uailmhianach mar chuid de Straitéis Eastát Tusla, a d'fhaomh an Bord in 2019, agus déantar foráil do chistiú tosaigh na dtionscadal sin faoin gceannteideal ginearálta 'Straitéis Eastát', chomh maith le forbairt leanúnach ar thionscadal nua beartaithe ag Campas Naomh Dympna, Ceatharlach. Cuirtear cistiú ar fáil freisin do chlár caipitil bhliantúla leanúnacha, lena n-áirítear an Clár Mionchaipitil agus an Clár Bliantúil Athsholáthair Trealamh. Áirítear sa Chlár Mionchaipitil comhlíonadh reachtúil, monatóireacht ar choinníollacha, riosca infreastruchtúir, oibreacha frithghníomhacha agus sláine sócmhainní, chomh maith le clár athchóirithe agus oiriúnaithe suntasach leanúnach i ndáil le tithe nuacheannaithe le haghaidh Seirbhísí Cónaithe do Leanaí (SCL). Déantar foráil freisin i leithdháileadh caipitil

2024 maidir le haistriú leanúnach mhótarfhlít Tusla go feithiclí leictreacha, mar aon leis an mbonneagar luchtaithe lena mbaineann. Cé go bhfuil nuachóiriú forleathan déanta ar fhlít Tusla ó bunaíodh an Ghníomhaireacht, tá roinnt feithiclí le hathsholáthar i gcás ar bith, agus tá an deis á glacadh chun aistriú go feithiclí leictreacha mar chuid dár n-oibleagáidí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. Anuas ar aois an fhlít, fágann a chomhdhéanamh go mbeidh gá le feithiclí leictreacha atá níos neamhdhíobhálaí don aeráid a athsholáthar ar bhonn céimnithe, ag teacht le gealltanais an Rialtais maidir le laghdú carbóin. Ar deireadh, déantar foráil maidir le clár cuimsitheach suirbhéanna ar dhálaí tógála a chur i gcrích, obair atá beagnach curtha i gcrích.

Tá rannpháirtíocht fhoirmiúil leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ar siúl ó 2020 i leith, go háirithe i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) mar atá molta sa Chlár Rialtais. Chuir sé seo deis ar fáil chun aitheantas a thabhairt do riachtanais shuntasacha cóiríochta Tusla, agus don ghá atá le leibhéil an-mhéadaithe caipitil sna blianta atá le teacht, cé gur léir nach bhfuiltear ag súil le haon mhéadú mór ar chistiú caipitil go dtí 2025 ar a luaithe. Rinneadh athbhreithniú ar an Straitéis Eastát in 2023 i gcomhthéacs an tírdhreacha atá ag teacht chun cinn maidir le cistiú caipitil agus an gá a aithníodh le cumas inmheánach níos mó a fhorbairt laistigh d'Eastáit Tusla chun tacú le soláthar sheirbhísí na Ghníomhaireachta amach anseo agus chun feabhas a chur ar an soláthar sin. Tá sé i gceist go gcuirfear tús leis an obair ar Straitéis Eastát nua a ullmhú in 2024.

Le Plean Caipitil 2024 leanfar den infheistíocht bhliantúil faoi TFC le thionscnaimh Bonneagar, Claochlú Digiteach, Bainistiú Sonraí agus Cibearshlándáil. Tá plean infheistíochta TFC 2024 ailínithe go dlúth leis na cuspóirí faoi Chlár Athchóirithe Tusla. Déantar achoimre ar na forbairtí caipitil atá beartaithe do 2024 i dTábla 7.



Tábla 7: Forbairtí caipitil 2024 atá beartaithe

Limistéar	Ítim	2024 €m
Eastáit	Riosca mionchaipitil/bonneagair	7.500
Eastáit	Naomh Seosamh, Luimneach, Céim 2	0.250
Eastáit	Síneadh ar áitreabh Tusla, Ceatharlach	0.600
Eastáit	Trealmhú	0.400
Eastáit	Ceannach thithe SCL	2.500
Eastáit	Flít a athsholáthar & ascnamh chuig feithiclí leictreacha	0.600
Eastáit	Tionscadal an tSuirbhé Náisiúnta ar Dhálaí	0.075
Eastáit	Straitéis Eastát — tionscadail nua	0.075
	Fo-iomlán na nEastát	12.000
TFC	Bonneagar agus Néalríomhaireacht	2.300
TFC	An Claochlú Digiteach (Forbairt Aipeanna & Soláthar Aipeanna)	2.000
TFC	Bainistíocht Sonraí agus Anailísíocht	1.000
TFC	Príomhthionscnaimh eile	0.200
	Fo-iomlán TFC	5.500
	An Mór-Iomlán	17.500

Tosaíochtaí Airgeadais 2024

Beidh cur i bhfeidhm agus mionchoigeartú CCBA (Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais) ina phríomhspreagadh don phróiseas airgeadais agus d'fheabhsú na teicneolaíochta sna blianta amach romhainn. Agus an t-aistriú seo chuig córas airgeadais amháin d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Tusla á dhéanamh, tá úsáid á baint as an teicneolaíocht bogearraí airgeadais is déanaí maidir le Feidhmchláir Córais agus Táirgí (FTC) agus tá sé bunaithe ar phróisis a dearadh de réir an dea-chleachtais. Bhí Tusla sa chéad ghrúpa eintiteas lena cur in úsáid agus cuireadh tús léi leis an gcóras nua i mí Iúil 2023.

Is tosaíocht leanúnach é le haghaidh 2024 go n-oibreodh Airgeadas lenár gcomhghleacaithe TFC chun an úsáid is fearr a bhaint as an teicneolaíocht chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na próiseála airgeadais laistigh den Ghníomhaireacht a fheabhsú. Is éard is príomhacmhainn don Stiúrtóireacht Airgeadais a baill foirne atá oile eolach, agus is orthu sin a bheidh an príomhfhócas go fóill in 2024 ó thaobh oiliúna agus forbairt phearsanta de. Leanfaidh feidhm an Airgeadais d'infheistíocht a dhéanamh chun rialachas airgeadais foriomlán na Ghníomhaireachta a fheabhsú in 2024.

Feabhsuithe ar Rialachas Airgeadais le haghaidh 2024

Leag an Ghníomhaireacht amach measúnú ar a Rialuithe Inmheánacha sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla le haghaidh 2022. Leagtar amach sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach na bearta atá an Ghníomhaireacht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialaithe ar fud na Ghníomhaireachta. Tharraing an tArd-Reachtair agus an tArd-Iniúcháir aird ar Sholáthar Neamhchomhlíontach ina thuarascáil ar Ráitis Airgeadais 2022. Leanfar den obair in 2024 chun feabhas a chur ar rialuithe sa réimse sin.

Tosaíochtaí Soláthair 2024

Is gníomhaíocht ardriosca don Ghníomhaireacht é an soláthar poiblí mar gheall ar chineál casta na bpróiseas chun seirbhísí speisialaithe tacaíochta leanaí agus teaghlaigh a sholáthar i gcás nach bhfuil aon chur chuige amháin ann maidir le soláthairtí a dhéanamh le haghaidh na gcineálacha sin conarthaí.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht den fheabhas a chur ar a chuid comhlíontachta leis na rialachán soláthair mar a leagtar amach i Rialachán na hÉireann 2016 (Treoir AE 2014/24), atá i gcomhréir le beartais agus nósanna imeachta inmheánacha. Leanfaimid de bheith ag díriú ar na seirbhísí ardchaiteachais trí chur chuige náisiúnta chomh maith le scileanna agus acmhainní a fhorbairt chun cabhrú le bainisteoirí déileáil le soláthairtí ar an leibhéal áitiúil.

Aguisín 3

Aguisín 3: Giorrúcháin

ACRCL	Aonad Comhlíontachta an Ráitis um Chosaint Leanaí
AGS	An Garda Síochána
A&SC	Airgeadas agus Seirbhís Chorporáideach
CAL	Caomhnóir Ad Litem
CBC	Córas Bainistíochta Cáilíochta
CBC	Córas Bainistithe Cásanna
CCAO	An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
CCBA	Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais
CCF	An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe
CCS	Clár Críochnaithe Scoile
CCTT	Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht do Theaghlaigh
CÉCD	Clár na hÉireann um Chosaint Dídeanaíthe
CL	Coibhéis Lánaimseartha
CNBT	An Córas Náisiúnta Bainistíochta Teagmhas
COSÉ	Cumann Oibrithe Sóisialta na hÉireann
CSE	Ciste Sóisialta na hEorpa
CSLD	Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga
C&R	Cáilíocht agus Rialáil
DEIS	Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh
ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
EF	Eochairtháscaire Feidhmíochta
FBF	Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin


FCI	Foréigean, Ciapadh agus Ionsaitheacht
FBGI	Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe
FSRC	Feabhsúchán Seirbhíse agus Riosca Cáilíochta
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
LSCIL	Leanaí Scartha a bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á Lorg acu
LSR	Leibhéal Seirbhíse Reatha
MPS	Measúnú Príobháideachais Sonraí
MT	Meabhrán Tuisceana
MTPS	Measúnú Tionchair ar Phríobháideachas Sonraí
OBT	Oifig Bainistíochta Tionscadail
PFN	Plean Forbartha Náisiúnta
RGCS	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
SCCI	Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta
SCL	Seirbhísí Cónaithe do Leanaí
SEMRÉ	Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann
SOMC	An tSeirbhís um Oideachas Malartach agus Clárúchán
SSÉna	Socruithe Speisialta Éigeandála
STOT	Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla
TA	Tosaíocht Aireachta
TFC	Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide
ÚUE	Údarás Uchtála na hÉireann



TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

10
YEARS



tusla.ie